Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0400(COD)

12.10.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE
(COM(2022)0688 – C9-0409/2022 – 2022/0400(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Alice Kuhnke

PA_Legam

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar na coistí atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Aithnítear i gConarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart chun comhionannais agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe mar luachanna bunúsacha an ***Aontais***[57], agus tá roinnt Treoracha maidir le toirmeasc ar idirdhealú glactha ag an Aontas cheana féin.	(1) Aithnítear i gConarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart chun comhionannais agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe mar luachanna bunúsacha an ***Aontais[1]***, agus tá roinnt Treoracha maidir le toirmeasc ar idirdhealú glactha ag an Aontas cheana féin***, ach tá Treoir maidir le Cóir Chomhionann fós le glacadh ag an Aontas lasmuigh de réimse na fostaíochta agus na slí beatha, lena gcumhdaítear na forais chosanta uile***.
[57] Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’), Airteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’), agus Airteagail 21, 23 agus 26 den Chairt.	[57] Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’), Airteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’), agus Airteagail 21, 23 agus 26 den Chairt.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1 a) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir raon feidhme phrionsabal na córa comhionainne d’fhir agus do mhná a theorannú don toirmeasc ar idirdhealú ar an mbonn gur de ghnéas amháin nó de

	ghnéas eile atá duine. I bhfianaise a chuspóra agus chineál na gceart a bhféachann sé lena gcoimirciú, tá feidhm aige freisin maidir le hidirdhealú a eascraíonn as féiniúlacht inscne, léiriú inscne, nó saintréith ghnéis duine.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ceanglaítear le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE ar na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn, lena n-áirítear anailís agus faireachán ar chóir chomhionann agus tacaíocht do chóir chomhionann ***ar*** gach duine gan idirdhealú ar na forais a chumhdaítear faoi na Treoracha faoi seach (dá ngairtear 'comhlachtaí comhionannais' anseo feasta). Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú go ***n-áireofar*** ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin cúnamh neamhspleách a sholáthar d'íospartaigh, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon cheist a bhaineann le hidirdhealú den sórt sin. Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú freisin go ***n-áireofar*** ar chúraimí na gcomhlachtaí sin faisnéis a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha, amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.	(6) Ceanglaítear le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE ar na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn, lena n-áirítear anailís agus faireachán ar chóir chomhionann agus tacaíocht do chóir chomhionann ***i gcás*** gach duine gan idirdhealú ar na forais a chumhdaítear faoi na Treoracha faoi seach (dá ngairtear 'comhlachtaí comhionannais' anseo feasta). Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú go ***n-áirítear*** ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin cúnamh neamhspleách a sholáthar d'íospartaigh, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon cheist a bhaineann le hidirdhealú den sórt sin. Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú freisin go ***n-áirítear*** ar chúraimí na gcomhlachtaí sin faisnéis a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha, amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ***agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)***.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE tugtar lánrogha leathan do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le struchtúr agus feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais. Is é an toradh atá air sin go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na comhlachtaí comhionannais atá bunaithe sna Ballstáit, ó thaobh shainorduithe, inniúlachtaí, struchtúir, acmhainní agus fheidhmiú oibríochtúil na gcomhlachtaí. Ciallaíonn sé sin, dá réir sin, go bhfuil difríocht idir cosaint ar idirdhealú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.	(9) Le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE tugtar lánrogha leathan do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le struchtúr agus feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais. Is é an toradh atá air sin go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na comhlachtaí comhionannais atá bunaithe sna Ballstáit, ó thaobh shainorduithe, inniúlachtaí, struchtúir, acmhainní agus fheidhmiú oibríochtúil na gcomhlachtaí. Ciallaíonn sé sin, dá réir sin, go bhfuil difríocht idir cosaint ar idirdhealú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile***, rud a fhágann gur cosaint neamhchothrom a thugtar d'íospartaigh an idirdhealaithe san Aontas trí chéile agus go gcuirtear reachtaíocht an Aontais maidir le cóir chomhionann chun feidhme ar bhealach neamhleor. D'fhonn cosaint iomlánaíoch, éifeachtach agus chuimsitheach ar idirdhealú a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhlachtaí comhionannais a chur chun cinn agus a chistiú chun forais uile an idirdhealaithe a chumhdach i gcomhréir le cineál neamh-uileghabhálach Airteagal 21 den Chairt.***

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht comhlachtaí comhionannais i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart baint a bheith ag na caighdeáin ach le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais agus níor cheart raon feidhme ábhartha ***nó*** pearsanta na dTreoracha sin a leathnú dá gcionn.	(12) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht comhlachtaí comhionannais i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart baint a bheith ag na caighdeáin ach le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais agus níor cheart raon feidhme ábhartha ***ná*** pearsanta na dTreoracha sin a leathnú dá gcionn. ***I roinnt Ballstát, mar dhea-chleachtas agus***

tar éis léirmhíniú leathan a bheith déanta ag CBAE ar an bhforas 'gnéas', tá inniúlacht ag comhlachtaí comhionannais freisin chun comhionannas a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le hidirdhealú ar fhorais féiniúlachta inscne agus léirithe inscne agus saintréithe gnéis[13a]. Ní mar sin atá, áfach, i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn leibhéil éagsúla chosanta ann ar idirdhealú maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis na Treoracha sin ar fud an Aontais.

[13a] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 30 Aibreán 1994, P v S, C-13/94, ECLI:EU:C:1996:170; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Eanáir 2004, K.B., C-117/01, ECLI:EU:C:2004:7; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 27 Aibreán 2006, Richards, C-423/04, ECLI:EU:C:2006:256; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 26 Meitheamh 2018, M.B., C-451/16, ECLI:EU:C:2018:492.

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ba cheart a mheas ***go mbeidh an Treoir atá beartaithe chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó as obair ar luach chomhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forghníomhaithe[69] ina threoir*** lex specialis ***i ndáil*** le forálacha ***forfheidhmiúcháin*** Threoir 2006/54/CE a chuirfear in ionad na Treorach seo. Aon íoschaighdeáin níos airde a bhunófar leis an Treoir amach anseo maidir le Trédhearcacht Pá do chomhlachtaí comhionannais i gcúrsaí a bhaineann le pá	(14) Ba cheart ***Treoir (AE) 2023/970[14a]*** a mheas ***mar*** lex specialis ***maidir*** le forálacha ***forfheidhmithe*** Threoir 2006/54/CE a chuirfear in ionad na Treorach seo. Aon íoschaighdeáin níos airde a bhunófar leis an Treoir amach anseo maidir le Trédhearcacht Pá do chomhlachtaí comhionannais i gcúrsaí a bhaineann le pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach**,** lena n-áirítear i dtrédhearcacht pá, i gcomparáid leo siúd a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart forlámhas a bheith acu ar na caighdeáin sin a leagtar amach sa

comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach lena n-áirítear i dtrédhearcacht pá, i gcomparáid leo siúd a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart forlámhas a bheith acu ar na caighdeáin sin a leagtar amach sa Treoir seo.

Treoir seo.

_____

_____

[69] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin (COM/2021/93 final).

[14a] (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin IO L 132, 17.5.2023, lch. 21.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Agus cóir chomhionann á cur chun cinn, idirdhealú ***á*** chosc agus cúnamh ***á*** thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais aird ar leith a thabhairt ar idirdhealú atá bunaithe ar roinnt foras a chosnaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE, 2006/54/CE agus 2010/41/AE.	(15) Agus cóir chomhionann á cur chun cinn, idirdhealú ***a*** chosc agus cúnamh ***a*** thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais aird ar leith a thabhairt ar idirdhealú ***iomadúil agus trasnach*** atá bunaithe ar ***chomhcheangal de*** roinnt foras a chosnaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE, 2006/54/CE agus 2010/41/AE***, agus sa Chairt, á aithint gur minic a dhéanann idirdhealú difear do dhaoine ar níos mó ná foras amháin, agus go gcruthaíonn sé sin míbhuntáiste ar leith. Is den***

ríthábhacht é cur chuige trasnach a ionchorprú chun tuiscint a fháil ar neamhionannais shóisialta, eisiamh sóisialta agus idirdhealú sóisialta ó pheirspictíocht chuimsitheach, chórasach nó struchtúrach, agus an lámh in uachtar á fháil ar chur chuige aon aise i leith an idirdhealaithe lena ndéantar beag is fiú dá ghnéithe institiúideacha agus stairiúla. Ba cheart do na comhlachtaí comhionannais a áirithiú go ndírítear go soiléir agus go cuí ar gach ceann de na forais a chumhdaítear agus ar na pointí teagmhála eatarthu. Ba cheart forálacha a bhaineann le hidirdhealú trasnach atá i dTreoir (AE) 2023/970 a chur san áireamh i gcur chun feidhme na Treorach seo.

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a ghlacadh go héifeachtach ach amháin má bhíonn siad ábalta gníomhú le neamhspleáchas iomlán gan bheith faoi réir aon tionchar seachtrach. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit roinnt critéar a chur san áireamh ***lena gcuirtear le*** neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais. Níor ***chóir*** comhlachtaí comhionannais a ***bhunú*** mar chuid d'aireacht nó de chomhlacht a ghlacann treoracha go díreach ón rialtas. Aon bhall foirne nó aon duine a bhfuil post bainistíochta ***aige*** – mar shampla, ***mar chomhalta*** de bhord a bhainistíonn ***an comhlacht*** comhionannais, ***mar cheannaire an chomhlachta*** comhionannais, ***mar ionadaí nó i gcás eatraimh*** – ba cheart ***dóibh a bheith neamhspleách, cáilithe dá bpost,*** agus ***go roghnófaí iad trí phróiseas*** trédhearcach. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais	(16) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a ghlacadh go héifeachtach ach amháin má bhíonn siad ábalta ***cinntí a dhéanamh agus*** gníomhú le neamhspleáchas iomlán gan bheith faoi réir aon tionchar seachtrach***, go háirithe tionchar polaitiúil***. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit roinnt critéar a chur san áireamh ***chun*** neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais ***a áirithiú***. Níor ***cheart*** comhlachtaí comhionannais a ***chur ar bun*** mar chuid d'aireacht nó de chomhlacht a ghlacann treoracha go díreach ón rialtas. Aon bhall foirne nó aon duine ***ag*** a bhfuil post bainistíochta – mar shampla, ***comhalta*** de bhord a bhainistíonn ***na comhlachtaí*** comhionannais, ***ceannairí na gcomhlachtaí*** comhionannais, ***leas-chinn nó cinn eatramhacha comhlachtaí comhionannais*** – ba cheart ***iad a roghnú trí nósanna imeachta oscailte, atá bunaithe ar fhiúntas*** agus trédhearcach.

a bheith ábalta a mbuiséad agus a n-acmhainní féin a bhainistiú, lena n-áirítear trína bhfoireann féin a roghnú agus a bhainistiú, agus a bheith ábalta a dtosaíochtaí féin a ***shocrú***.	Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta a ***struchtúr inmheánach a chinneadh agus conas a*** mbuiséad agus a n-acmhainní féin a bhainistiú, lena n-áirítear trína bhfoireann féin a roghnú agus a bhainistiú, agus a bheith ábalta a dtosaíochtaí féin a ***leagan síos agus tosaíochtaí an Aontais maidir le comhionannas inscne á gcur san áireamh acu***.

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Lena áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais a ***gcuid inniúlachtaí*** go léir a fheidhmiú agus a ***gcuid cúraimí*** go léir a chomhlíonadh, ba cheart ***do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis na comhlachtaí comhionannais a gcuid inniúlachtaí*** éagsúla a fheidhmiú go neamhspleách ***leis an struchtúr inmheánach*** atá acu. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina gceanglaítear ar chomhlachtaí a bheith neamhchlaonta agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh chomh maith. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás ina bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta ceangailteacha ag an gcomhlacht comhionannais lena n-éilítear neamhchlaontacht nó ***atá mar chuid*** de chomhlacht ***ag a bhfuil roinnt sainorduithe*** i gcás ina n-éilítear neamhchlaontacht le sainordú eile. Ba cheart go ráthófaí le struchtúr inmheánach lena n-áirithítear diandeighilt idir na hinniúlachtaí agus na cúraimí ábhartha gur féidir leis an gcomhlacht comhionannais iad a fheidhmiú go héifeachtach.	(17) Lena áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais a ***n-inniúlachtaí*** go léir a fheidhmiú agus a ***gcúraimí*** go léir a chomhlíonadh, ba cheart ***dóibh a bheith ábalta a struchtúr inmheánach a chinneadh ar bhealach lena gceadaítear a n-inniúlachtaí*** éagsúla a fheidhmiú go neamhspleách***, lena n-áirítear inniúlachtaí cinnteoireachta, lena gcuimsítear dóibh inniúlachtaí cur chun cinn, coisc, tacaíochta agus dlíthíochta a theachtadh go hiomlán sa raon feidhme is leithne*** atá acu. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina gceanglaítear ar chomhlachtaí a bheith neamhchlaonta agus tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh chomh maith. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás ina bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta ceangailteacha ag an gcomhlacht comhionannais lena n-éilítear neamhchlaontacht nó ***is cuid*** de chomhlacht ***il-sainorduithe é an comhlacht comhionannais*** i gcás ina n-éilítear neamhchlaontacht le sainordú eile. Ba cheart go ráthófaí le struchtúr inmheánach lena n-áirithítear diandeighilt idir na hinniúlachtaí agus na cúraimí ábhartha gur féidir leis an gcomhlacht comhionannais iad a fheidhmiú go

	héifeachtach.

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Is ***príomhcheist*** í an easpa acmhainní iomchuí lena gcuirtear bac ar chumas comhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh go ***leordhóthanach***. Dá bhrí sin, ***ba cheart*** do na Ballstáit a áirithiú go ***bhfaighidh*** comhlachtaí comhionannais cistiú leordhóthanach, gur féidir leo foireann cháilithe a fhostú agus áitreabh agus bonneagar iomchuí a bheith acu chun gach ceann dá gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, laistigh de thréimhse ama réasúnta agus laistigh de na ***sprioc-amanna*** arna mbunú leis an dlí náisiúnta. Ba cheart ***go mbeadh*** a leithdháileadh buiséadach seasta, ach amháin i gcás ina méadaítear na hinniúlachtaí, ***go bpleanáiltear*** ar bhonn ilbhliantúil ***é***, agus ***go gcuirtear*** ar a gcumas ***leis*** costais a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith deacair a réamh-mheas, amhail costais a bhaineann le dlíthíocht. ***Lena*** áirithiú go ***gcuirfear*** acmhainní leordhóthanacha ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, níor cheart***, mar shampla,*** go mbainfeadh laghduithe ***atá i bhfad níos airde ná na meánlaghduithe ar eintitis phoiblí eile*** dá mbuiséad***; mar an gcéanna,*** ba cheart a bhfás bliantúil a ***cheangal ar a laghad*** leis an meánfhás ar ***chistiú*** d'eintitis eile. Ba cheart acmhainní a mhéadú go comhréireach má ***mhéadaítear*** cúraimí agus sainordú na gcomhlachtaí comhionannais.	(18) Is ***príomh-shaincheist*** í an easpa acmhainní ***airgeadais agus daonna*** iomchuí lena gcuirtear bac ar chumas comhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh go ***leormhaith***. ***Ba cheart,*** dá bhrí sin, do na Ballstáit a áirithiú go ***bhfaigheann*** comhlachtaí comhionannais cistiú leordhóthanach ***chun a gcúraimí a chomhlíonadh***, gur féidir leo foireann cháilithe a fhostú agus áitreabh agus bonneagar iomchuí a bheith acu chun gach ceann dá gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, laistigh de thréimhse ama réasúnta agus laistigh de na ***spriocamanna*** arna mbunú leis an dlí náisiúnta. Ba cheart a leithdháileadh buiséadach ***a bheith*** seasta, ach amháin i gcás ina méadaítear na hinniúlachtaí ***nó an fhoireann***, ***ba cheart é a phleanáil*** ar bhonn ilbhliantúil, agus ***ba cheart dó é a chur*** ar a gcumas ***dóibh*** costais a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith deacair a réamh-mheas, amhail costais a bhaineann le dlíthíocht. ***I gcás ina bhfuil méadú déanta ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí comhionannais, ba cheart do na Ballstáit a*** áirithiú go ***bhfuil a mbuiséid coigeartaithe dá réir. Chun a áirithiú go gcuirtear*** acmhainní leordhóthanacha ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, níor cheart go mbainfeadh laghduithe dá mbuiséad ***agus*** ba cheart***, ar*** a ***laghad, a*** bhfás bliantúil a ***bheith ceangailte*** leis an meánfhás ar ***an gcistiú*** d'eintitis eile. Ba cheart acmhainní a mhéadú go comhréireach má ***leathnaítear*** cúraimí agus sainordú na gcomhlachtaí comhionannais.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Is ***uirlis úsáideach iad córais*** uathoibrithe, lena n-áirítear faisnéis shaorga, chun patrúin idirdhealaithe a ***aithint, ach tá riosca ag baint*** le hidirdhealú algartamach ***freisin***. Dá bhrí sin, ***ba cheart rochtain*** a bheith ***ag comhlachtaí comhionannais ar fhoireann cháilithe nó ar sheirbhísí*** cáilithe, a ***bheidh ábalta*** córais uathoibrithe a ***úsáid dá gcuid oibre ar thaobh amháin agus*** measúnú a dhéanamh orthu a ***mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha maidir le neamh-idirdhealú*** ar an ***taobh eile***. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar acmhainní digiteacha iomchuí a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais, bíodh sin go díreach nó trí fhochonraitheoireacht.	(19) Is ***féidir le hidirdhealú algartamach a bheith mar thoradh ar chórais*** uathoibrithe, lena n-áirítear faisnéis shaorga, ***agus bíonn idirdhealú algartamach ann dá thoradh sin, ach d'fhéadfaidís freisin a bheith ina n-uirlis*** chun patrúin idirdhealaithe a ***shainaithint. Tá an baol ann*** le hidirdhealú algartamach ***go ndéanfar buanú agus géarú ar na neamhionannais, ar an idirdhealú, ar an eisiamh agus ar an mbochtaineacht atá ann cheana***. ***Ba cheart,*** dá bhrí sin, ***do chomhlachtaí comhionannais*** a bheith ***feistithe le foireann nó seirbhísí atá saineolach agus*** cáilithe, a ***bheith tuiscineach ar an gcaoi a n-oibríonn*** córais uathoibrithe ***agus ar an gcaoi ar féidir le hidirdhealú algartamach*** a ***bheith mar thoradh orthu,*** measúnú a dhéanamh orthu ***maidir lena gcomhlíontacht le rialacha um neamh-idirdhealú agus na hiarmhairtí*** a ***d'fhéadfadh a bheith aige*** ar ***dhaoine aonair a chosc agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh*** an ***chineáil sin idirdhealaithe***. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar acmhainní digiteacha iomchuí a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais ***agus oiliúint iomchuí a chur orthu maidir leis an úsáid a bhaintear as córais uathoibrithe***, bíodh sin go díreach nó trí fhochonraitheoireacht. ***Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a áirithiú freisin go gcomhlíonann córais uathoibrithe na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh daoine faoi mhíchumas i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.***

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Tá ról lárnach ag comhlachtaí comhionannais, in éineacht le gníomhaithe eile, maidir le hidirdhealú a chosc agus comhionannas a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun cur leis an athrú sóisialta, ba cheart dóibh dualgais chomhionannais, dea-chleachtais, gníomhaíocht dhearfach agus príomhshruthú comhionannais a chur chun cinn i measc na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoir agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh. Ba cheart dóibh cumarsáid a dhéanamh le heintitis phoiblí agus phríobháideacha agus le grúpaí atá i mbaol an idirdhealaithe agus ***páirt a ghlacadh*** i ndíospóireacht phoiblí ***d'fhonn*** steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht agus faoi na tairbhí a bhaineann léi, ar príomhcholún ***é*** de straitéisí comhionannais an Aontais.	(20) Tá ról lárnach ag comhlachtaí comhionannais, in éineacht le gníomhaithe eile, ***amhail comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** maidir le hidirdhealú a chosc agus comhionannas a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun cur leis an athrú sóisialta, ba cheart dóibh dualgais chomhionannais, dea-chleachtais, gníomhaíocht dhearfach agus príomhshruthú comhionannais a chur chun cinn i measc na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoir agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh. Ba cheart dóibh cumarsáid a dhéanamh le heintitis phoiblí agus phríobháideacha agus le grúpaí atá i mbaol an idirdhealaithe agus ***a bheith rannpháirteach*** i ndíospóireacht phoiblí ***chun*** steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht agus faoi na tairbhí a bhaineann léi, ar príomhcholún de straitéisí comhionannais an Aontais ***é***. ***Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais feasacht a mhúscailt freisin maidir le hidirdhealú trasnach agus a thábhachtaí atá sé cur chuige trasnach a chur i bhfeidhm agus beartais, cláir, cistí agus gníomhaíochtaí á gceapadh acu.***

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ***Mar aon le cosc***, is cúram lárnach de chuid na gcomhlachtaí comhionannais é cúnamh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe. Ba cheart go ***mbeadh sé i gceist*** leis ***an gcúnamh sin i gcónaí***	(21) ***Thar an gcosc***, is cúram lárnach de chuid na gcomhlachtaí comhionannais é ***tacaíocht agus*** cúnamh ***cuimsitheach*** a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe. Ba cheart ***don tacaíocht agus don***

príomhfhaisnéis a sholáthar do ghearánaigh agus ***réamh-mheasúnú a dhéanamh ar a ngearán, bunaithe ar an bhfaisnéis tosaigh a bailíodh ó na páirtithe ar bhonn deonach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith i gceannas ar na módúlachtaí a shainiú faoina n-eiseodh an comhlacht comhionannais an measúnú sin, amhail creat ama an phróisis nó coimircí*** nós imeachta ***i gcoinne gearáin atriallacha nó mhaslacha***.

chúnamh sin a bheith saor in aisce agus, ar a laghad, go ***n-áireofaí*** leis ***faisnéis bhunriachtanach*** a sholáthar do ghearánaigh***, lena n-áirítear comhairle dlí, comhairle atá dírithe ar riachtanais shonracha na n-íospartach,*** agus ***faisnéis maidir le gnéithe*** nós imeachta***, lena n-áirítear conas cás a thabhairt os comhair na cúirte agus leigheasanna eile atá ar fáil***.

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) ***Lena*** áirithiú go mbeidh gach íospartach ábalta gearán a dhéanamh, ba cheart go bhféadfaí gearáin a chur isteach ar bhealaí éagsúla. Ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt freisin ar Mholadh 2018/951 ón gCoimisiún ***faoina*** bhféadfaí gearáin a chur isteach i dteanga a ***roghnóidh an gearánach*** atá coitianta sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht comhionannais lonnaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na cúiseanna le ***tearcthuairisciú***, is é sin eagla roimh dhíoltas, agus gan dochar do Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[70] ba cheart rúndacht a thabhairt d'fhinnéithe ***agus*** do sceithirí, agus ***a mhéid is féidir,*** do ghearánaigh.	(22) ***Chun a*** áirithiú go mbeidh gach íospartach ábalta gearán a dhéanamh, ba cheart go bhféadfaí gearáin a chur isteach ar bhealaí éagsúla***, lena n-áirítear trí oifigí réigiúnacha nó áitiúla nó trí uirlisí agus ardáin dhigiteacha***. Ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt freisin ar Mholadh 2018/951 ón gCoimisiún ***agus déanamh deimhin de gur cheart go*** bhféadfaí gearáin a chur isteach i dteanga ***is féidir leis an ngearánach*** a ***thuiscint, lena n-áirítear teanga*** atá coitianta sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht comhionannais lonnaithe ***nó teanga atá léirithe ag an gcomhlacht comhionannais***. Chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na cúiseanna ***atá*** le ***tearc thuairisciú***, is é sin eagla roimh dhíoltas, agus gan dochar do Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[70]***,*** ba cheart rúndacht a thabhairt d'fhinnéithe***,*** do sceithirí, agus do ghearánaigh.

[70] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***23 Deireadh Fómhair 2019*** maidir le cosaint

[70] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***23 Deireadh Fómhair 2019*** maidir le

daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).	cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22 a) Ba cheart na hoibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus cúraimí na gcomhlachtaí comhionannais faoin Treoir seo i ndáil le cúnamh d'íospartaigh a mheas in éineacht le hoibleagáidí na mBallstát agus le cearta na n-íospartach a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Chun deis a thabhairt díospóidí a réiteach go ***tapa***, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag páirtithe réiteach cairdiúil a lorg ar a ndíospóidí, ag an gcomhlacht comhionannais nó ag eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana. Ba cheart dóibh ***rialacha mionsonraithe*** an phróisis réitigh chairdiúil a shainiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.	(23) Chun deis a thabhairt díospóidí a réiteach go ***mear***, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag páirtithe réiteach cairdiúil a lorg ar a ndíospóidí, ag an gcomhlacht comhionannais nó ag eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana. Ba cheart dóibh ***módúlachtaí*** an phróisis réitigh chairdiúil a shainiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ***Ba cheart dul i mbun próiseas idir-réitigh agus idirghabhála a bheith faoi réir chomhaontú na bpáirtithe agus níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar pháirtí an ceart rochtana ar chúirt a fheidhmiú i gcás nach nglacann an páirtí sin le cinneadh an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála.***

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Tá fianaise ríthábhachtach chun a chinneadh ar tharla idirdhealú agus is minic a ***bhíonn sé*** i seilbh an déantóra ciona líomhnaithe. Dá bhrí sin, ***ba cheart*** do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a ***fháil amach an ndearnadh*** idirdhealú agus comhoibriú leis na seirbhísí poiblí ábhartha – amhail cigireachtaí saothair nó cigireachtaí oideachais. Ba cheart do na Ballstáit creat iomchuí a bhunú chun an inniúlacht sin a fheidhmiú, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta.	(25) Tá fianaise ríthábhachtach chun a chinneadh ar tharla idirdhealú agus is minic ***léi*** a ***bheith*** i seilbh an déantóra ciona líomhnaithe. ***Ba cheart,*** dá bhrí sin, do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a ***chinneadh an ann don*** idirdhealú agus comhoibriú leis na seirbhísí poiblí ábhartha – amhail cigireachtaí saothair nó cigireachtaí oideachais. Ba cheart do na Ballstáit creat iomchuí a bhunú chun an inniúlacht sin a fheidhmiú, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta.

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ar bhonn na fianaise a bhailítear, ***go deonach nó trí imscrúdú,*** ba cheart ***do chomhlachtaí*** comhionannais a measúnú a sholáthar don ghearánach agus don déantóir ciona líomhnaithe. Ba cheart do ***na Ballstáit*** luach dlíthiúil an mheasúnaithe sin a chinneadh ar féidir leis a bheith ina thuairim neamhcheangailteach nó ina chinneadh ceangailteach ***infheidhmithe***. Ba cheart ***go luafaí sa dá thuairim sin*** na cúiseanna atá leis an measúnú agus ba cheart ***go n-áireofaí leo***, i gcás inar gá, bearta chun aon sárú a ***fuarthas*** a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Chun éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun tuairimí a fhiosrú agus chun	(26) Ar bhonn na fianaise a bhailítear, ba cheart ***comhlachtaí*** comhionannais a ***chumhachtú chun a*** measúnú a sholáthar don ghearánach agus don déantóir ciona líomhnaithe. Ba cheart do ***chomhlachtaí comhionannais*** luach dlíthiúil an mheasúnaithe sin a chinneadh ar féidir leis a bheith ina thuairim neamhcheangailteach nó ina chinneadh ceangailteach ***infhorfheidhmithe***. Ba cheart na cúiseanna atá leis an measúnú ***a lua sna tuairimí*** agus ***sna cinntí araon agus*** ba cheart, i gcás inar gá, bearta ***a áireamh iontu*** chun aon sárú a ***aimsítear*** a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. ***Is féidir le smachtbhannaí a bheith ar áireamh sna cinntí ceangailteacha infhorfheidhmithe.*** Chun éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú, ba cheart do na

cinntí a fhorfheidhmiú.	Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun tuairimí a fhiosrú agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) ***Lena gcuid*** oibre agus ***an dlí um chomhionannas*** a chur chun cinn, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta ***achoimre ar*** a dtuairimí agus ***ar*** a gcinntí a fhoilsiú gan sonraí pearsanta a nochtadh.	(27) ***Chun a ndlí*** oibre agus ***comhionannais*** a chur chun cinn, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta a dtuairimí agus a gcinntí a fhoilsiú***, lena n-áirítear achoimre orthu sin,*** gan sonraí pearsanta a nochtadh.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Ba cheart ***go mbeadh*** an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte in ábhair dlí ***shibhialta*** nó riaracháin chun ***cur le hurraim phrionsabal*** na córa comhionainne a ***áirithiú, ar prionsabal é a*** leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE. Cé gur cheart na himeachtaí cúirte sin a bheith faoi réir an dlí nós imeachta náisiúnta, lena n-áirítear rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht caingne, ní féidir rialacha den sórt sin, agus go háirithe aon choinníoll a bhaineann le leas dlisteanach, a chur i bhfeidhm ionas go mbainfí an bonn ***d'***éifeachtacht cheart na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú. I ngeall ar na cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta agus ar an gceart chun gníomhú in imeachtaí cúirte a thugtar do chomhlachtaí comhionannais leis an Treoir seo, éascófar cur chun	(28) Ba cheart an ceart ***a bheith*** ag comhlachtaí comhionannais gníomhú ***os comhair institiúidí, comhlachtaí breithnithe agus*** in imeachtaí cúirte in ábhair ***a bhaineann leis an*** dlí ***sibhialta*** nó ***leis an dlí*** riaracháin chun ***rannchuidiú lena áirithiú go n-urramaítear prionsabal*** na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE. Cé gur cheart na himeachtaí cúirte sin a bheith faoi réir an dlí nós imeachta náisiúnta, lena n-áirítear rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht caingne, ní féidir rialacha den sórt sin, agus go háirithe aon choinníoll a bhaineann le leas dlisteanach, a chur i bhfeidhm ***ar shlí*** ionas go mbainfí an bonn ***ó*** éifeachtacht cheart na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú. I ngeall ar na cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta agus ar an gceart chun gníomhú ***os comhair***

feidhme praiticiúil na bhforálacha atá ann faoi láthair i dTreoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE maidir leis an dualgas cruthúnais agus le cosaint ***ceart***. Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, beidh comhlachtaí comhionannais in ann fíorais a shuí ‘óna bhféadfar a thoimhdiú go ***ndearnadh*** idirdhealú díreach nó indíreach’, ***agus ar an gcaoi*** sin, ***comhlíonfaidh siad*** na coinníollacha dá bhforáiltear in ***Airteagal 8*** de Threoir 2000/43/CE, ***Airteagal 10*** de Threoir 2000/78/CE agus ***Airteagal 9*** de Threoir 2004/113/CE. Dá bhrí sin, lena dtacaíocht, éascófar rochtain na n-íospartach ar an gceartas.

institiúidí, comhlachtaí breithnithe agus in imeachtaí cúirte a thugtar do chomhlachtaí comhionannais leis an Treoir seo, éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha atá ann faoi láthair i dTreoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE maidir leis an dualgas cruthúnais agus le cosaint ***na gceart***. Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, beidh comhlachtaí comhionannais in ann fíorais a shuí ‘óna bhféadfar a thoimhdiú go ***bhfuil*** idirdhealú díreach nó indíreach ***déanta***’, ***lena gcomhlíonfar, dá bhrí*** sin, na coinníollacha dá bhforáiltear in ***Airteagal 8*** de Threoir 2000/43/CE, ***Airteagal 10*** de Threoir 2000/78/CE agus ***Airteagal 9*** de Threoir 2004/113/CE. Dá bhrí sin, lena dtacaíocht, éascófar rochtain na n-íospartach ar an gceartas.

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Le seasamh dlíthiúil féadfaidh comhlachtaí comhionannais gníomhú ***ar son*** íospartach nó chun tacú le híospartaigh, ***rud a cuireann*** rochtain ar ***fáil dóibh ar*** cheartas ***sa chás go ndíspreagtar go minic mar gheall ar bhaic*** nós imeachta agus airgeadais nó ***ar*** eagla roimh ***íospairte***. Le seasamh dlíthiúil freisin féadfaidh comhlachtaí comhionannais na cásanna a gcinneann siad tabhairt fúthu os comhair na gcúirteanna náisiúnta a roghnú go straitéiseach, agus ***cur*** le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta um chóir chomhionann.	(29) Le seasamh dlíthiúil féadfaidh comhlachtaí comhionannais gníomhú ***thar ceann*** íospartach nó chun tacú le híospartaigh, ***lena lamháiltear dóibh*** rochtain ar cheartas ***a fháil i gcás ina ndéanann bacainní*** nós imeachta agus airgeadais nó eagla roimh ***íospairt iad a dhíspreagadh go minic***. Le seasamh dlíthiúil freisin féadfaidh comhlachtaí comhionannais na cásanna a gcinneann siad tabhairt fúthu os comhair na gcúirteanna náisiúnta a roghnú go straitéiseach, agus ***rannchuidiú*** le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta um chóir chomhionann***, mar aon le moltaí a dhéanamh chun an reachtaíocht atá cheana ann a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta***.

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) ***Bíonn*** roinnt cásanna maidir le hidirdhealú ***ann*** ar deacair iad a throid toisc nach ***mbíonn*** aon ghearánach ag tabhairt faoin gcás iad féin. Ina breithiúnas i gCás C-54/07 (Feryn)[71], a thionscain comhlacht comhionannais ina ainm féin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir ***idirdhealú a shuí*** fiú mura bhfuil íospartach ***aitheanta*** ann. Is den tábhacht é, dá bhrí sin, gur féidir le comhlachtaí comhionannais gníomhú ina n-ainm féin, chun leas an phobail a chosaint.	(30) ***Tá*** roinnt cásanna ***ann*** maidir le hidirdhealú ar deacair iad a throid toisc nach ***bhfuil*** aon ghearánach ag tabhairt faoin gcás iad féin. Ina breithiúnas i gCás C-54/07 (Feryn)[71], a thionscain comhlacht comhionannais ina ainm féin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir ***le hidirdhealú tarlú*** fiú mura bhfuil íospartach ***sainaitheanta*** ann***, mar shampla i gcásanna ina dtarlaíonn idirdhealú struchtúrach nó córasach***. Is den tábhacht é, dá bhrí sin, gur féidir le comhlachtaí comhionannais gníomhú ***agus imeachtaí cúirte a thionscnamh*** ina n-ainm féin, chun leas an phobail a chosaint ***i gcás ina mbraitear idirdhealú, gan an duine atá sainaitheanta mar íospartach a bheith i láthair***. ***Is den tábhacht é freisin gur féidir leo gníomhú i gcásanna ina n-úsáidtear comhshásamh.***
[71] Breithiúnas an ***10 Iúil 2008*** in Feryn (C-54/07, ECLI:EU:C:2008:397).	[71] Breithiúnas an ***10 Iúil 2008*** in Feryn (C-54/07, ECLI:EU:C:2008:397).

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(30 a) Tá sé d'aidhm ag an Treoir seo freisin aghaidh a thabhairt ar chásanna idirdhealaithe a bhaineann le nósanna imeachta, gnáthaimh agus cultúr eagraíochtúil aon eagraíochta príobháidí nó poiblí, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, a rannchuidíonn le torthaí nach bhfuil chomh fabhrach céanna do ghrúpaí áirithe den daonra. Ba**

	cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith in ann dlús a chur le bearta chun idirdhealú institiúideach a chosc, agus leigheasanna córasacha a fhorbairt a chumasaíonn freagairt chomhleanúnach ar idirdhealú struchtúrach nó córasach ar fud na n-earnálacha uile.

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart ***go mbeadh comhlachtaí*** comhionannais ábalta ráitis ó bhéal nó ráitis i scríbhinn a chur faoi bhráid na gcúirteanna ***freisin*** - e.g. amicus curiae **-** mar bhealach níos ***éadroime*** chun tacú le cásanna lena ***dtuairimí saineolacha***.	(31) Ba cheart ***do chomhlachtaí*** comhionannais ***a bheith*** ábalta ráitis ó bhéal nó ráitis i scríbhinn a chur faoi bhráid na gcúirteanna***, na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí breithnithe*** - e.g. ***mar*** amicus curiae***,*** mar ***thríú páirtí nó mar shaineolaí mar*** bhealach níos ***fusa*** chun tacú le cásanna lena ***dtuairim shaineolach***.

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Ní mór prionsabal na trialach córa agus prionsabal chomhionannas na n-arm a urramú agus cearta na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú sa chúirt á bhfeidhmiú. Dá bhrí sin, ach amháin i gcás ina ngníomhaíonn an comhlacht comhionannais mar pháirtí in imeachtaí maidir le ***forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach cinnidh*** dá chuid féin nó i gcás ina ngníomhaíonn sé mar amicus curiae, níor cheart cead a bheith ag an gcomhlacht comhionannais fianaise a ***chur isteach*** in imeachtaí cúirte a fuarthas trí imscrúduithe roimhe sin ar an gcás céanna	(32) Ní mór prionsabal na trialach córa agus prionsabal chomhionannas na n-arm a urramú agus cearta na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú ***os comhair institiúidí, comhlachtaí breithnithe agus*** sa chúirt á bhfeidhmiú ***acu***. Dá bhrí sin, ach amháin i gcás ina ngníomhaíonn an comhlacht comhionannais mar pháirtí in imeachtaí maidir le ***cinneadh*** dá chuid féin ***a fhorfheidhmiú*** nó ***maidir le hathbhreithniú breithiúnach ina leith nó*** i gcás ina ngníomhaíonn sé mar amicus curiae, níor cheart cead a bheith ag an gcomhlacht comhionannais fianaise a

ar fianaise í a raibh ceangal dlíthiúil ar an déantóir ciona líomhnaithe nó ar aon tríú páirtí í a sholáthar.	***thabhairt*** in imeachtaí cúirte a fuarthas trí imscrúduithe roimhe sin ar an gcás céanna***,*** ar fianaise í a raibh ceangal dlíthiúil ar an déantóir ciona líomhnaithe nó ar aon tríú páirtí í a sholáthar.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Na forálacha maidir le ceart na gcomhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte, ní athraítear leo cearta íospartach agus comhlachas, eagraíochtaí nó eintiteas dlíthiúil eile a ***fhorghníomhaíonn*** cearta íospartach a bhfuil, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, leas dlisteanach ***acu ina*** áirithiú go gcomhlíontar Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE, mar a leagtar síos sna Treoracha sin.	(34) Na forálacha maidir le ceart na gcomhlachtaí comhionannais gníomhú ***os comhair institiúidí, comhlachtaí breithnithe agus*** in imeachtaí cúirte, ní athraítear leo cearta íospartach agus comhlachas, eagraíochtaí nó eintiteas dlíthiúil eile a ***fhorfheidhmíonn*** cearta íospartach ***ag*** a bhfuil, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos ina ndlí náisiúnta, leas dlisteanach ***chun a*** áirithiú go gcomhlíontar Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE, mar a leagtar síos sna Treoracha sin.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ba cheart rochtain do chách ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais a ráthú. Chun na críche sin, ba cheart bacainní féideartha ar rochtain ar sheirbhísí comhlachtaí comhionannais a ***aimsiú*** agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart do sheirbhísí a bheith saor in aisce do ghearánaigh. Ba cheart do na Ballstáit a ***áirithiú freisin go mbeidh*** seirbhísí na gcomhlachtaí comhionannais ar fáil do gach íospartach ***féideartha*** ar fud a gcríche, mar shampla,	(36) Ba cheart rochtain do chách ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais a ráthú***, lena n-áirítear ar líne***. Chun na críche sin, ba cheart bacainní féideartha ar rochtain ar sheirbhísí comhlachtaí comhionannais a ***shainaithint*** agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart do sheirbhísí a bheith saor in aisce do ghearánaigh. Ba cheart do na Ballstáit ***freisin, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí*** a ***leithdháiltear ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla,***

trí oifigí áitiúla a bhunú, lena n-áirítear oifigí soghluaiste, trí fheachtais áitiúla a eagrú nó trí chomhar le toscairí áitiúla nó le heagraíochtaí sochaí sibhialta.

déanamh deimhin de go bhfuil seirbhísí na gcomhlachtaí comhionannais ar fáil do gach íospartach ***ionchasach*** ar fud a gcríche, mar shampla, ***i gcás inar gá,*** trí oifigí áitiúla ***agus réigiúnacha*** a bhunú, lena n-áirítear oifigí soghluaiste, trí fheachtais áitiúla a eagrú nó trí chomhar le toscairí áitiúla nó le heagraíochtaí ***na*** sochaí sibhialta. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt chun rochtain a áirithiú do na grúpaí is leochailí.***

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Tá an tAontas agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas[73] (UNCRPD), lena n-áirítear an oibleagáid toirmeasc a chur ar idirdhealú ar bhonn míchumais agus cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach ar idirdhealú ar gach uile fhoras a áirithiú ***le haghaidh daoine*** atá faoi mhíchumas. Ba cheart an Treoir seo a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCRPD. Chun cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí uile ***comhlachtaí*** comhionannais a ráthú, is ***gá*** inrochtaineacht a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882, agus cóiríocht réasúnta. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach[74] a áirithiú trí na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí agus ar a gcuid faisnéise a chosc agus a bhaint, agus trí chóiríocht réasúnach a sholáthar, agus an mionathrú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí á ndéanamh ***nuair is*** gá i gcás ar leith.	(37) Tá an tAontas agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas[73] (UNCRPD), lena n-áirítear an oibleagáid toirmeasc a chur ar idirdhealú ar bhonn míchumais agus cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach ar idirdhealú ar gach uile fhoras a áirithiú ***do dhaoine*** atá faoi mhíchumas. Ba cheart an Treoir seo a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCRPD. Chun cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí uile ***na gcomhlachtaí*** comhionannais a ráthú, is ***den riachtanas é*** inrochtaineacht a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882, agus cóiríocht réasúnta. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach[74] a áirithiú trí na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí agus ar a gcuid faisnéise a chosc agus a bhaint, agus trí chóiríocht réasúnach a sholáthar, agus an mionathrú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí á ndéanamh ***i gcás inar*** gá i gcás ar leith. ***Faoina sainordú, ba***

cheart do na comhlachtaí comhionannais cumhdach a dhéanamh ar gach cineál idirdhealaithe a mbíonn ar dhaoine faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir le UNCRPD, lena n-áirítear idirdhealú díreach agus indíreach, diúltú do chóiríocht réasúnach a thabhairt, idirdhealú trí bhainteacht, ciapadh, treoir a thabhairt i dtaobh idirdhealú a dhéanamh, chomh maith le híospairt agus fuathchaint.

---

[73] IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

[74] Féach Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh ***Fómhair 2016*** maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1–15) agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi.

---

[73] IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

[74] Féach Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh ***Fómhair 2016*** maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1–15) agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi.

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Tá sé ríthábhachtach don fhoghlaim fhrithpháirteach, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht go gcuirfí ar chumas na gcomhlachtaí comhionannais comhordú agus comhoibriú a dhéanamh go rialta ar leibhéil éagsúla ar bhonn fadtéarmach, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin for-rochtain agus tionchar a gcuid oibre a leathnú. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais comhoibriú***, go háirithe,*** le comhlachtaí comhionannais eile sa Bhallstát céanna agus i mBallstáit eile – lena n-áirítear faoi chuimsiú Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) **-** agus le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an	(38) Tá sé ríthábhachtach don fhoghlaim fhrithpháirteach, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht go gcuirfí ar chumas na gcomhlachtaí comhionannais comhordú agus comhoibriú a dhéanamh go rialta ar leibhéil éagsúla ar bhonn fadtéarmach, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin for-rochtain agus tionchar a gcuid oibre a leathnú. ***I gcás inarb ann do chomhlachtaí comhionannais éagsúla,*** ba cheart ***a n-inniúlachtaí agus a gcumhachtaí a threisiú agus ba cheart comhordú a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar fhorluíonna, chun gníomhaíocht chomhpháirteach a chumasú agus chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní. Ba cheart***

Aontais agus idirnáisiúnta, amhail eagraíochtaí sochaí sibhialta, údaráis cosanta sonraí, ceardchumainn, cigireachtaí saothair agus oideachais, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cearta an duine a chosaint, údaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh, comhlachtaí tomhaltóirí, agus sásraí náisiúnta neamhspleácha chun UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh air. Níor cheart malartú sonraí pearsanta (i.e. sonraí comhionannais san fhoirm inar féidir daoine aonair a shainaithint) a bheith i gceist le comhar den sórt sin.	do chomhlachtaí comhionannais comhoibriú le comhlachtaí comhionannais eile sa Bhallstát céanna agus i mBallstáit eile – lena n-áirítear faoi chuimsiú Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) – agus le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ***an leibhéal*** idirnáisiúnta, amhail ***comhpháirtithe sóisialta,*** eagraíochtaí ***na*** sochaí sibhialta, údaráis cosanta sonraí, ceardchumainn, cigireachtaí saothair agus oideachais, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cearta an duine a chosaint, údaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh, comhlachtaí tomhaltóirí, agus sásraí náisiúnta neamhspleácha chun UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh air. Níor cheart malartú sonraí pearsanta (i.e. sonraí comhionannais san fhoirm inar féidir daoine aonair a shainaithint) a bheith i gceist le comhar den sórt sin. ***Thairis sin, ba cheart uathriail, inniúlachtaí agus sainchumais na gcomhpháirtithe sóisialta agus inniúlachtaí aitheanta na ngníomhaireachtaí rialtais ábhartha uile, lena n-áirítear cigireachtaí saothair, cúirteanna náisiúnta agus binsí reachtúla, a urramú in aon rannpháirtíocht a dhéanann comhlachtaí comhionannais in ábhair a bhaineann leis an áit oibre, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta. Níor cheart, áfach, go gcuirfí cosc ar chomhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí de bharr iad a bheith ann.***

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról ***a imirt ina n-iomláine*** mar shaineolaithe ar chóir chomhionann mura dtéitear i gcomhairle leo ***sách*** luath le linn an phróisis déanta beartais maidir le ***cúrsaí*** a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú chun an comhairliúchán sin a áirithiú ar bhealach tráthúil. Ba cheart dóibh a ***cheadú*** do chomhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh agus ***iad*** a fhoilsiú ***freisin***.	(39) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról mar shaineolaithe ar chóir chomhionann ***a fheidhmiú ina iomláine*** mura dtéitear i gcomhairle leo luath ***go leor*** le linn an phróisis déanta beartais maidir le ***hábhair*** a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú chun an comhairliúchán sin a áirithiú ar bhealach tráthúil. Ba cheart dóibh ***cead*** a ***thabhairt freisin*** do chomhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh agus a fhoilsiú ***agus ba cheart dóibh a bheith ábalta a éileamh ar na húdaráis agus na hoifigigh freagra a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta ama***.

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Tá sonraí comhionannais ríthábhachtach chun feasacht a mhúscailt, daoine a íogrú, idirdhealú a chainníochtú, treochtaí in imeacht ama a léiriú, a chruthú go bhfuil idirdhealú ann, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um chomhionannas, a léiriú go bhfuil gá le gníomhaíocht dhearfach, agus ***cur*** le ceapadh beartas fianaise-bhunaithe[75]. Tá ról ***le himirt*** ag comhlachtaí comhionannais ***maidir le cur le sonraí*** ábhartha comhionannais ***a fhorbairt*** chun na gcríoch sin, mar shampla trí chruinnithe comhchéime a eagrú go rialta agus na heintitis ábhartha go léir a ***chruinniú*** le chéile. Ba cheart dóibh freisin sonraí a bhailiú agus a anailísiú faoina ngníomhaíochtaí féin nó suirbhéanna a	(40) Tá sonraí comhionannais ríthábhachtach chun feasacht a mhúscailt, daoine a íogrú, idirdhealú a chainníochtú, treochtaí in imeacht ama a léiriú, a chruthú go bhfuil idirdhealú ann, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um chomhionannas, a léiriú go bhfuil gá le gníomhaíocht dhearfach, agus ***rannchuidiú*** le ceapadh beartas fianaise-bhunaithe[75]. Tá ról ag comhlachtaí comhionannais ***i dtaobh rannchuidiú leis an bhforbairt ar shonraí*** ábhartha comhionannais chun na gcríoch sin, mar shampla trí chruinnithe comhchéime a eagrú go rialta agus na heintitis ábhartha go léir a ***thabhairt*** le chéile. Ba cheart dóibh freisin sonraí a bhailiú agus a anailísiú faoina ngníomhaíochtaí féin nó

dhéanamh agus ba cheart dóibh a bheith ***in ann*** rochtain a fháil ar fhaisnéis staidrimh arna bailiú ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile, agus úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin – amhail na hoifigí staidrimh náisiúnta, cúirteanna náisiúnta, cigireachtaí saothair agus oideachais, ceardchumainn nó eagraíochtaí sochaí sibhialta – maidir leis na hábhair a chuirtear ar a n-iontaoibh faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san fhaisnéis staidrimh sin.	suirbhéanna a dhéanamh agus ba cheart dóibh a bheith ***ábalta*** rochtain a fháil ar fhaisnéis staidrimh arna bailiú ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile, agus úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin – amhail na hoifigí staidrimh náisiúnta, cúirteanna náisiúnta, cigireachtaí saothair agus oideachais, ceardchumainn nó eagraíochtaí ***na*** sochaí sibhialta – maidir leis na hábhair a chuirtear ar a n-iontaoibh faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san fhaisnéis staidrimh sin ***agus ba cheart í a chur ar fáil i bhformáid inrochtana ionas gur féidir le comhlachtaí comhionannais í a úsáid gan stró***. ***Ba cheart go gcuirfí san áireamh in obair na gcomhlachtaí comhionannais ar shonraí comhionannais treoraíocht agus acmhainní atá ann cheana maidir le sonraí comhionannais, lena n-áirítear iad siúd a fhorbraítear faoi chuimsiú an Fhoghrúpa um Shonraí Comhionannais de chuid Ghrúpa Ardleibhéil an Aontais Eorpaigh um Neamh-idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht.***
[75] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh cinioch nó eitneach (‘an Treoir maidir le Comhionannas Cinioch’) agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (‘an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta’) SWD(2021) 63 final.	[75] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh cinioch nó eitneach (‘an Treoir maidir le Comhionannas Cinioch’) agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (‘an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta’) SWD(2021) 63 final.

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Chomh maith le tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais tuarascáil a fhoilsiú ***go rialta*** ina bhfuil measúnú foriomlán ar an staid maidir le hidirdhealú a thagann faoina sainordú sna Ballstáit. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil sa tuarascáil sin d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha agus ba cheart ***í a úsáid mar threoir*** chun tosaíochtaí na gcomhlachtaí comhionannais amach anseo a chinneadh. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san tuarascálacha.	(41) Chomh maith le tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais tuarascáil a fhoilsiú ***gach 2 bhliain*** ina bhfuil measúnú foriomlán ar an staid maidir le hidirdhealú a thagann faoina sainordú sna Ballstáit. Ba cheart faisnéis***, moltaí agus bearta leantacha ina leith*** a chur ar fáil sa tuarascáil sin d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha***,*** agus ba cheart ***di fónamh mar threoraíocht*** chun tosaíochtaí na gcomhlachtaí comhionannais amach anseo a chinneadh. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san tuarascálacha. ***Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chomhlachtaí comhionannais chun na cúraimí tuairiscithe a chuirtear ar a n-iontaoibh a chomhlíonadh.***

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Lena bhfís don todhchaí a chinneadh agus spriocanna agus cuspóirí a n-eagraíochta a shainiú, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais clár ilbhliantúil a ghlacadh. Dá bharr sin ba cheart go gcuirfí ar a gcumas comhleanúnachas a gcuid sraitheanna éagsúla oibre a áirithiú le himeacht ama agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ***sistéamacha*** maidir le hidirdhealú a thagann faoina sainordú mar chuid de phlean gníomhaíochta fadtéarmach.	(42) Lena bhfís don todhchaí a chinneadh agus spriocanna agus cuspóirí a n-eagraíochta a shainiú, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais clár ilbhliantúil a ghlacadh. Dá bharr sin ba cheart go gcuirfí ar a gcumas comhleanúnachas a gcuid sraitheanna éagsúla oibre a áirithiú le himeacht ama agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ***struchtúracha nó córasacha*** maidir le hidirdhealú***, lena n-áirítear ar líne,*** a thagann faoina sainordú mar chuid de phlean gníomhaíochta fadtéarmach. ***Ba cheart an inniúlacht agus na cumhachtaí a ghabhann le gach sainordú in institiúid den sórt sin a chomhchuibhiú agus a threisiú ionas go***

	mbeidh, a mhéid is féidir, na hinniúlachtaí agus na cumhachtaí is leithne atá ar fáil d'aon cheann de na sainorduithe eile ar fáil do gach sainordú.

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, is gá sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach agus, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtaí praiticiúla. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar an bhfaireachán sin agus ba cheart dó tuarascáil ar ***iarratais a dhréachtú o rialta***. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chur chun feidhme de bhun ***Airteagal 16***(2) a mhéid a bhaineann le héifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí ***cur chun feidhme*** a thabhairt don Choimisiún chun liosta ***táscairí*** ábhartha, ar cheart sonraí a bhailiú ar a mbonn, a ***bhunú***. Níor cheart ***próiseáil sonraí*** pearsanta a bheith i gceist leis an bhfaireachán sin.	(43) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, is gá sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach agus, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtaí praiticiúla. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar an bhfaireachán sin agus ba cheart dó tuarascáil ar ***chur i bhfeidhm a tharraingt suas uair gach 3 bliana, bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na Ballstáit agus ar shonraí ábhartha breise a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ó chomhlachtaí comhionannais, ó gheallsealbhóirí eile, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne***. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chur chun feidhme de bhun ***Airteagal 16***(2) a mhéid a bhaineann le héifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí ***tarmligthe*** a thabhairt don Choimisiún chun liosta ***de tháscairí*** ábhartha, ar cheart sonraí a bhailiú ar a mbonn, a ***leagan síos***. ***D'fheadfadh measúnú sonrach a bheith sa tuarascáil chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú neamhspleách na gcomhlachtaí comhionannais.*** Níor cheart ***an phróiseáil ar shonraí*** pearsanta a bheith i gceist leis an bhfaireachán sin. ***Ba cheart go bhféadfaí gearáin maidir le cur isteach líomhnaithe gan údar ar neamhspleáchas***

comhlachtaí comhionannais a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, ***sa chaoi is go dtugtar an rogha*** do na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a ***choinneáil***. Níor cheart go dtabharfadh cur chun feidhme na Treorach seo údar le haon chúlchéimniú i ndáil leis an staid atá i réim cheana i ngach Ballstát.	(44) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais ***agus moltar***, ***dá bhrí sin,*** do na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a ***choimeád***. Níor cheart***, in imthosca ar bith,*** go dtabharfadh cur chun feidhme na Treorach seo údar le haon chúlchéimniú i ndáil leis an staid atá i réim cheana i ngach Ballstát.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais ***lena*** n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE a neartú.	1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais ***chun a*** n-éifeachtacht ***de jure agus de facto araon*** a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE a neartú.

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leis na hoibleagáidí a leagtar ar na Ballstáit agus le cúraimí na gcomhlachtaí	2. Leis na hoibleagáidí a leagtar ar na Ballstáit agus le cúraimí na gcomhlachtaí

comhionannais faoin Treoir seo, cumhdófar na cearta agus na hoibleagáidí a thagann ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE.	comhionannais faoin Treoir seo, cumhdófar na cearta agus na hoibleagáidí a thagann ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE***, mar aon le cásanna d'idirdhealú struchtúrach nó córasach san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, lena n-áirítear in oideachas, oiliúint, tithíocht, sláinte, cosaint shóisialta agus forfheidhmiú an dlí***.

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article 1a
	Sainmhínithe
	1. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
	(a) ciallaíonn 'idirdhealú struchtúrach nó córasach' rialacha, noirm, gnáthaimh, patrúin dearcaidh agus iompraíochta in institiúidí agus i struchtúir shochaíocha eile lena gcruthaítear, go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach, bacainní ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair ó thaobh rochtain a fháil ar na cearta agus na deiseanna céanna is atá ag daoine eile agus lena rannchuidítear le thorthaí nach bhfuil chomh fabhrach céanna dóibh agus atá do thromlach an daonra;
	(b) ciallaíonn 'idirdhealú trasnach' an cás ina dtarlaíonn idirdhealú ar bhonn dhá fhoras nó níos mó ná sin atá cosanta ag Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE, 2006/54/CE agus 2010/41/AE, a oibríonn agus a idirghníomhaíonn le chéile ag an am céanna ionas go bhfuil siad doscartha, lena gcruthaítear cineálacha ar leith idirdhealaithe agus cineálacha sonracha idirdhealaithe.

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ainmniú comhlachtaí comhionannais	Ainmniú ***agus struchtúr*** comhlachtaí comhionannais

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó (dá ngairfear 'comhlachtaí comhionannais' anseo feasta) chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú.	Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó ***ná sin agus cuirfidh siad na hacmhainní atá riachtanach ar fáil dóibh*** (dá ngairfear 'comhlachtaí comhionannais' anseo feasta) chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú.

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Féadfaidh comhlachtaí comhionannais foras amháin nó níos mó ná sin a chumhdach. I gcás comhlacht comhionannais ilfhorais, áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar go soiléir agus go hiomchuí ar gach ceann de na forais. Déanfar an inniúlacht agus na cumhachtaí a ghabhann le gach sainordú in institiúid den sórt sin a chomhchuibhiú agus a threisiú ionas go mbeidh, a mhéid is féidir, na hinniúlachtaí agus na cumhachtaí is leithne atá ar fáil d'aon cheann de na sainorduithe eile ar fáil do

gach sainordú.

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh comhlachtaí comhionannais a bheith ina gcuid de ghníomhaireachtaí ar an leibhéal náisiúnta atá freagrach as cearta an duine a chosaint ***nó as cearta daoine aonair a chosaint***.	***2.*** Féadfaidh comhlachtaí comhionannais a bheith ina gcuid de ghníomhaireachtaí ar an leibhéal náisiúnta atá freagrach as cearta an duine a chosaint ***agus a chur chun cinn sa mhéid nach mbaineann sé sin an bonn ó acmhainneacht an chomhlachta comhionannais ná na gníomhaireachta ábhartha a gcuid oibre a dhéanamh. Leis an struchtúr sin, áiritheofar infheictheacht agus rannpháirtíocht an chomhlachta comhionannais ag gach céim agus lamhálfar do thrédhearcacht agus cuntasacht iomlán a bheith sa phróiseas.***

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh comhlachtaí comhionannais cothromaíocht inscne i bpoist cheannaireachta agus i bpoist ardbhainistíochta agus spreagfar iad chun éagsúlacht na sochaí i gcoitinne a léiriú.

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta ***lena*** áirithiú go mbeidh na comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus saor ó thionchar seachtrach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu agus a n-inniúlachtaí ***a fheidhmiú*** acu, go háirithe a ***mhéid a bhaineann lena*** struchtúr dlíthiúil, ***lena gcuntasacht, lena*** mbuiséad, ***lena*** soláthar foirne agus ***lena gcúrsaí eagraíochtúla***.	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta ***chun a*** áirithiú go mbeidh na comhlachtaí comhionannais ***go hiomlán*** neamhspleách***, uathrialach*** agus saor ó thionchar seachtrach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu***, a gclár oibre*** agus a ***ngníomhartha á gcinneadh acu agus a*** n-inniúlachtaí ***á bhfeidhmiú*** acu, go háirithe ***ó thaobh*** a struchtúr dlíthiúil, ***a gcuntasachta, a*** mbuiséad, ***a*** soláthar foirne agus ***a bhfeidhmeanna cinnteoireachta de***. ***Níor cheart comhlachtaí comhionannais a chur ar bun mar chuid d'aireacht ná de chomhlacht a ghlacann le treoracha go díreach ón rialtas.***

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialacha ***trédhearcacha*** agus coimircí trédhearcacha a bhaineann le roghnú, ceapadh, cúlghairm agus coinbhleacht leasa fhéideartha fhoireann na gcomhlachtaí comhionannais, go háirithe daoine a bhfuil ***post bainistíochta acu, lena n-inniúlacht*** agus ***a*** neamhspleáchas a ráthú.	2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialacha agus coimircí trédhearcacha ***agus soiléire*** a bhaineann le roghnú, ceapadh, ***ardú céime,*** cúlghairm agus coinbhleacht leasa fhéideartha fhoireann ***agus chomhaltaí boird*** na gcomhlachtaí comhionannais***. Bainfidh na rialacha agus na coimircí sin***, go háirithe***, le*** daoine ***ag*** a bhfuil ***poist bhainistíochta,*** agus ***áiritheoidh siad nósanna imeachta trédhearcacha, bunaithe ar fhiúntas agus rannpháirtíochta chun inniúlacht, uathriail agus*** neamhspleáchas ***na gcomhlachtaí comhionannais*** a ráthú***, go háirithe maidir le haon chur isteach ón rialtas a sheachaint***.

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí ***iomchuí*** i bhfeidhm, go háirithe i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí comhionannais, chun feidhmiú neamhspleách a n-inniúlachtaí a ráthú, go háirithe i gcás ina n-éilítear neamhchlaontacht le cuid acu agus i gcás ina ***ndíreoidh cuid*** eile acu ar thacaíocht d'íospartaigh.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí ***leormhaithe agus leordhóthanacha*** i bhfeidhm, go háirithe i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí comhionannais, chun feidhmiú neamhspleách a n-inniúlachtaí ***uile*** a ráthú, ***agus comhleanúnachas fós á spreagadh acu,*** go háirithe i gcás ina n-éilítear neamhchlaontacht le cuid acu agus i gcás ina ***ndírítear i gcuid*** eile acu ar thacaíocht d'íospartaigh***, agus lamháil do chomhar agus comhordú a bheith ann idir sainorduithe agus foirne comhroinnte d'fhonn comhleanúnachas agus éifeachtúlacht a chur chun cinn***.

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí ***iomchuí*** i bhfeidhm i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí ***ag a bhfuil roinnt sainorduithe*** chun feidhmiú uathrialach an tsainordaithe comhionannais a ráthú.	4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí ***leormhaithe agus leordhóthanacha*** i bhfeidhm i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí ***il-sainorduithe*** chun feidhmiú uathrialach an tsainordaithe comhionannais a ráthú.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Féadfaidh comhlachtaí comhionannais ar comhlachtaí il-sainorduithe iad bearta a dhéanamh chun struchtúr inmheánach a chruthú lena

	ráthaítear feidhmiú uathrialach a sainorduithe éagsúla, más iomchuí.

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 b. Beidh sé de cheart ag na comhlachtaí comhionannais ráitis phoiblí a dhéanamh agus taighde, moltaí agus tuarascálacha a tháirgeadh agus a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón rialtas ná ó aon institiúid nó páirtí seachtrach agus gan formheas a fháil uathu agus gan fógra a thabhairt dóibh ina leith.

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar do gach comhlacht comhionannais na hacmhainní daonna, teicniúla agus ***airgeadais*** is gá ***lena shainchúraimí uile*** a chomhlíonadh agus a ***inniúlachtaí uile*** a fheidhmiú go héifeachtach, ar na forais ***uile*** agus sna réimsí uile ***atá cumhdaithe faoi Threoracha 2006/54/CE*** agus 2010/41/AE***, lena n-áirítear i gcás méaduithe ar inniúlachtaí, méaduithe ar ghearáin, costais dlíthíochta agus úsáid córas uathoibrithe***.	1. Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhréir lena bpróisis bhuiséideacha náisiúnta,*** go soláthrófar do gach comhlacht comhionannais na hacmhainní daonna, teicniúla***, airgeadais*** agus ***saineolacha*** is gá ***chun*** a ***gcúraimí a*** chomhlíonadh agus a ***n-inniúlachtaí*** a fheidhmiú go héifeachtach ***agus le fíorthionchar***, ar na forais agus sna réimsí uile ***a chumhdaítear le Treoracha 2006/54/CE*** agus 2010/41/AE.

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an leithdháileadh buiséadach le haghaidh chomhlachtaí comhionannais cobhsaí, go ndéanfar é a phleanáil ar bhonn ilbhliantúil agus go mbeidh teagmhas leordhóthanach ionsuite ann chun déileáil le costais dhothuartha. Trí na hacmhainní sin a chur ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, ní chruthaítear aon oibleagáid, bíodh sé intuigthe nó díreach, ar an gcomhlacht comhionannais i leith an Bhallstáit, a rialtais ná a eintitis aireachta a sholáthraíonn na hacmhainní sin.

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. I gcás méadú ar inniúlachtaí, ar ghearáin nó ar chostais dlíthíochta, nó ar aon chostais ghaolmhara eile, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ag na comhlachtaí comhionannais an fhoireann cháilithe, na seirbhísí agus na hacmhainní digiteacha is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, lena n-áirítear taighde, faireachán, tuairisciú agus úsáid córas uathoibrithe. Chun na críche sin, tabharfar an méadú is gá ar a mbuiséad do na comhlachtaí comhionannais. Ní dhéanfar aon laghdú ar bhuiséad na gcomhlachtaí comhionannais.

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhlachtaí comhionannais ábalta aiseolas a thabhairt do Equinet chun gur féidir dul i gcomhairle leis de bhun Airteagal 13 den Treoir seo maidir le reachtaíocht, beartas, nósanna imeachta agus cláir ar leibhéal an Aontais.

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 d. Áiritheoidh na Ballstáit leithdháileadh buiséadach tiomnaithe agus neamhspleách chun costais na dlíthíochta a chumhdach, a bheidh le coigeartú go bliantúil ar bhonn an mhéid iarbhír dlíthíochta arna saothrú ag an gcomhlacht comhionannais, agus a bheidh cómhaoinithe go suntasach ag cláir chistiúcháin an Aontais.

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) straitéis a ghlacadh chun feasacht a mhúscailt ***i measc an phobail i gcoitinne***, ar fud a gcríche, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, maidir leis na cearta faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE agus maidir le ***comhlachtaí*** comhionannais agus a gcuid seirbhísí a bheith ***ann***;	(a) straitéis ***náisiúnta*** a ghlacadh ***i gcomhairle le hionadaithe ón tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta*** chun ***an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas go rialta agus*** feasacht a mhúscailt ***ina leith***, ar fud a gcríche, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá i mbaol ***an*** idirdhealaithe, maidir leis na cearta faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE agus ***an acmhainneacht chun***

	iad a fheidhmiú agus maidir le ***hinniúlachtaí, ról agus inrochtaineacht na gcomhlachtaí*** comhionannais ***éagsúla*** agus a gcuid seirbhísí ***atá ann; áireofar sa straitéis náisiúnta sin feachtais faisnéise ina n-úsáidfear uirlisí cumarsáide éagsúla, lena n-áirítear na meáin shóisialta; áireofar ann freisin plean chun faisnéis, comhairle, oiliúint, tacaíocht agus treoraíocht*** a ***scaipeadh ar dhaoine aonair gan beann ar aois, agus ar institiúidí, idir phríobháideach agus phoiblí, ach gan a*** bheith ***teoranta do na nithe sin***;

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) a áirithiú go mbeidh oiliúint shonrach faighte ag foireann gach comhlachta comhionannais ar fhorais uile an idirdhealaithe dá dtagraítear i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE agus ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe;

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a áirithiú go ***nglacfaidh*** comhlachtaí comhionannais ***páirt in idirdhealú a chosc agus i gcóir comhionann a chur chun cinn, agus straitéis a ghlacadh ina saineofar conas a rachaidh siad i mbun idirphlé poiblí, conas a dhéanfaidh siad cumarsáid le daoine aonair agus le grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, conas a sholáthróidh siad***	(b) a áirithiú go ***bhfuil*** comhlachtaí comhionannais ***ábalta, ar a laghad, an méid seo a leanas a dhéanamh:***

oiliúint agus treoir, agus conas a chuirfidh siad dualgais chomhionannais, príomhshruthú comhionannais agus gníomhaíocht dhearfach chun cinn i measc eintitis phoiblí agus phríobháideacha.

i) gabháil don idirdhealú, lena n-áiritear idirdhealú trasnach a chosc agus don chóir chomhionann a chur chun cinn,

ii) straitéis a ghlacadh lena leagfar amach na bearta a chuirfear i gcrích chun dul i mbun idirphlé poiblí,

iii) comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le daoine aonair agus le grúpaí atá i mbaol an idirdhealaithe agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar chomhionannas inscne agus ar neamh-idirdhealú,

iv) faisnéis, comhairle, oiliúint, tacaíocht agus treoraíocht a thabhairt do dhaoine aonair, agus d'institiúidí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn agus a ghnóthú agus maidir leis an idirdhealú a chosc,

v) cur chun feidhme dualgas comhionannais, phríomhshruthú an chomhionannais agus gníomhaíocht dhearfach i measc eintitis phoiblí agus eintitis phríobháideacha a chur chun cinn agus tacú leis an gcur chun feidhme sin,

vi) taighde a dhéanamh ar idirdhealú, lena n-áirítear idirdhealú struchtúrach nó córasach agus trasnach, agus ar idirdhealú ar líne, lena n-áirítear idirdhealú algartamach,

vii) comhoibriú leis an soláthar oiliúna maidir le neamh-idirdhealú agus cearta bunúsacha atá dírithe ar phearsanra na n-údarás maoirseachta chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe agus dlí na gceart bunúsach i bhfeidhm i gceart, lena n-áirítear i réimse an idirdhealaithe algartamaigh.

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit agus comhlachtaí comhionannais san áireamh na huirlisí agus formáidí cumarsáide is iomchuí do gach spriocghrúpa. Díreoidh siad go háirithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste ***a bhféadfaí bac a chur ar a*** rochtain ar fhaisnéis, mar shampla, mar gheall ar a stádas eacnamaíoch, a n-aois, a míchumas, a litearthacht, a náisiúntacht, a stádas cónaithe nó ***easpa*** rochtana ar uirlisí ar líne.	***Ag déanamh amhlaidh***, cuirfidh na Ballstáit agus comhlachtaí comhionannais san áireamh na huirlisí agus formáidí cumarsáide is iomchuí do gach spriocghrúpa. Díreoidh siad go háirithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste ***ar féidir lena*** rochtain ar fhaisnéis ***a bheith srianta***, mar shampla, mar gheall ar a stádas eacnamaíoch, a n-aois, a míchumas, a ***riocht sláinte, a*** litearthacht, a náisiúntacht, a ***mbunadh eitneach, a*** stádas cónaithe nó ***a n-easpa*** rochtana ar uirlisí ar líne***, agus riachtanais shonracha na ngrúpaí sin i mBallstát ar leith á gcur san áireamh***.

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte le haghaidh an dá straitéis 6 mhí tar éis ghlacadh na Treorach seo, tabharfaidh sé tuairim uaidh maidir le cáilíocht agus éifeachtacht na straitéisí, agus déanfaidh sé faireachán ar a gcur chun feidhme, lena n-áirítear tuarascálacha leathbhliantúla a eisiúint maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme.

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cúnamh d'íospartaigh	***Tacaíocht agus*** cúnamh d'íospartaigh ***an***

idirdhealaithe

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ***na*** comhlachtaí comhionannais ábalta cúnamh a thabhairt d'íospartaigh ***mar a leagtar amach i míreanna 2 go 4***.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhlachtaí comhionannais ábalta ***tacaíocht agus*** cúnamh a thabhairt ***saor in aisce*** d'íospartaigh ***i gcomhréir leis an Treoir seo***.

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta gearáin maidir le hidirdhealú a fháil, ó bhéal, i scríbhinn agus ar líne.	2. Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta gearáin maidir le hidirdhealú a fháil ***ar aon bhealach is féidir***, ***lena n-áirítear*** ó bhéal, i scríbhinn agus ar líne.

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh comhlachtaí comhionannais cúnamh d'íospartaigh, ***ar dtús trí iad a chur ar an eolas*** faoin gcreat dlíthiúil, ***lena n-áirítear*** comhairle atá dírithe ar ***a*** gcás sonrach, faoi na seirbhísí a ***sholáthraíonn*** an comhlacht comhionannais agus faoi ***ghnéithe*** nós imeachta ***gaolmhara***, chomh maith leis na ***réitigh*** atá ar fáil***, lena n-áirítear an fhéidearthacht cás a leanúint sa chúirt***.	***Cuirfidh*** comhlachtaí comhionannais ***tacaíocht agus*** cúnamh ***ar fáil*** d'íospartaigh ***a bhfuil gearán eisithe acu***, ***lena n-áirítear tacaíocht dhlíthiúil. Beidh foireann na gcomhlachtaí comhionannais ábalta faisnéis phearsanta a sholáthar d'íospartaigh agus beidh scileanna acu chun riachtanais shíceolaíocha a aithint. Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta freisin comhairle a thabhairt maidir le conas gearán a eisiúint, lena n-áirítear faisnéis*** faoin gcreat dlíthiúil ***agus faoina***

	gcearta a thugtar ann, comhairle atá dírithe ar ***an*** gcás sonrach ***agus ar riachtanais shonracha na n-íospartach***, faoi na seirbhísí a ***chuireann*** an comhlacht comhionannais ***ar fáil*** agus faoi ***na gnéithe gaolmhara*** nós imeachta, chomh maith leis ***an bhféidearthacht cás a thabhairt os comhair*** na ***cúirte agus leigheasanna eile*** atá ar fáil.

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Eiseoidh na comhlachtaí comhionannais réamh-mheasúnú ar ghearán bunaithe ar fhaisnéis a chuirfidh na páirtithe lena mbaineann isteach go deonach. Saineoidh na Ballstáit na rialacha mionsonraithe beachta faoina n-eiseoidh an comhlacht comhionannais réamh-mheasúnú den sórt sin.	***scriosta***

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta deis a thabhairt do na páirtithe réiteach cairdiúil a lorg ar a ndíospóid. Beidh an próiseas sin faoi réir chomhaontú na bpáirtithe agus féadfaidh an comhlacht comhionannais é féin nó eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana, agus sa chás sin féadfaidh an comhlacht comhionannais barúlacha a cheapadh don eintiteas sin***, a bheith i gceannas air***. Ní chuirfear cosc ar na páirtithe ar a gceart rochtana chun na cúirte a fheidhmiú trí ***pháirt a ghlacadh*** i bpróiseas dá leithéid.	Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta deis a thabhairt do na páirtithe réiteach cairdiúil a lorg ar a ndíospóid***, os comhair cúirte nó lasmuigh di***. Beidh an próiseas sin faoi réir chomhaontú na bpáirtithe agus féadfaidh an comhlacht comhionannais é féin nó eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana ***a bheith i gceannas air***, agus sa chás sin féadfaidh an comhlacht comhionannais barúlacha a cheapadh don eintiteas sin. Ní chuirfear cosc ar na páirtithe ar a gceart rochtana chun na cúirte a fheidhmiú trí ***bheith rannpháirteach*** i

bpróiseas dá leithéid.

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 7 a
	Imscrúduithe
	1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais imscrúdú éifeachtach a dhéanamh, tar éis gearán a fháil nó ar a dtionscnamh féin, i dtaobh ar tharla sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE agus go bhféachfaidh siad le haghaidh a thabhairt ar idirdhealú aonair, struchtúrach nó córasach.
	2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le creat lena gcuirfear ar a gcumas do chomhlachtaí comhionannais imscrúduithe aimsithe fíoras a dhéanamh, bíodh sin ar ghearán a fháil nó ar a dtionscnamh féin ar bhonn amhras réasúnach a bheith ann, chun a áirithiú go gcuirfear fíorais uile an cháis san áireamh chun críocha a gcinnidh deiridh. Go sonrach, ráthófar leis an gcreat sin go mbeidh ceart éifeachtach ag comhlachtaí comhionannais rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhfuil gá léi chun a shuí ar tharla idirdhealú.
	3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de dhualgas ar eintitis phoiblí agus phríobháideacha, agus ar aon tríú páirtithe eile lena mbaineann, mar aon leis an déantóir ciona líomhnaithe, comhoibriú le comhlachtaí comhionannais ina n-imscrúduithe agus le linn doíbh fíorais a aimsiú, tríd an bhfaisnéis a iarrtar a sholáthar, gan dochar do chearta sonraí gach duine aonair. Beidh comhlachtaí

comhionannais i dteideal smachtbhannaí a fhorchur i gcás nach ndéantar an fhianaise agus/nó an fhaisnéis ábhartha atá iarrtha acu a chur ar fáil dóibh. Ní fhorchuirfear smachtbhannaí ach amháin i gcomhréir leis an dlí agus cleachtas náisiúnta, mura bhfuil aon chúis chuí-réasúnaithe ann gan an fhianaise agus/nó an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil agus mura bhfuil sonraí pearsanta i gceist léi.

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 7 b
	Tuairimí agus feidhmeanna cinnteoireachta
	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sainorduithe leormhaithe ag comhlachtaí comhionannais chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an idirdhealú.
	2. Áireofar an méid seo a leanas ar na feidhmeanna a d'fhéadfadh a bheith ag comhlachtaí comhionannais:
	(a) gearáin aonair agus chomhchoiteanna maidir le hidirdhealú a fháil, a scrúdú, a éisteacht agus a idir-réiteach agus cinntí a dhéanamh maidir leis na gearáin sin, bunaithe ar an reachtaíocht ábhartha lena n-áirítear na forálacha maidir leis an dualgas comhroinnte cruthúnais;
	(b) cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sárú déanta ar an reachtaíocht frith-idirdhealaithe;
	(c) an measúnú ar chás nó ar imscrúdú a thaifeadadh i scríbhinn, lena n-áirítear na fíorais a shuí agus conclúid réasúnaithe i dtaobh an bhfuil ann d'idirdhealú;
	(d) cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí de a eisiúint, i gcás inarb infheidhme, a

éilíonn gníomhaíocht chun deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas iomlán a bhaint amach, agus idirdhealú a bheidh ann amach anseo a sheachaint;

(e) bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun aon sárú a aimsítear a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhlachtaí comhionannais ábalta sásraí leantacha iomchuí a bhunú, amhail oibleagáidí aiseolais, agus chun cinntí a fhorfheidhmiú;

(f) smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur, i gcomhréir leis an dlí agus cleachtas náisiúnta, lena n-áirítear cúiteamh a íoc as damáiste airgid agus neamhairgid araon agus fíneálacha, nuair a fhionnann siad go bhfuil sárú déanta ar an reachtaíocht maidir leis an neamh-idirdhealú;

(g) cinntí neamhcheangailteacha agus moltaí a eisiúint a éilíonn gníomhaíocht chun deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas iomlán a bhaint amach, agus idirdhealú a bheidh ann amach anseo a sheachaint;

(h) cur chun feidhme a gcinntí, a dtuairimí agus a moltaí a áirithiú;

(i) a gcinntí, a dtuairimí agus a moltaí a fhoilsiú gan sonraí pearsanta a nochtadh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na smachtbhannaí a fhorchuirtear.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhforáiltear leis an dlí náisiúnta do cheart achomharc a dhéanamh os comhair na gcúirteanna i gcoinne cinntí críochnaitheacha atá ceangailteach ó thaobh dlí de arna n-eisiúint ag an gcomhlacht comhionannais.

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 8	***scriosta***
Tuairimí agus cinntí	
1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina measfaidh comhlachtaí comhionannais, tar éis dóibh gearán a fháil nó ar a dtionscnamh féin, go bhféadfadh sé go bhfuil sárú déanta ar phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE, go bhfuil sé de chumhacht ag na comhlachtaí sin an cás a imscrúdú tuilleadh.	
2.	
Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le creat lena gcuirfear ar a gcumas do chomhlachtaí comhionannais dul i mbun aimsiú fíoras.	
Go sonrach, soláthrófar leis an gcreat sin cearta éifeachtacha do chomhlachtaí comhionannais chun rochtain a fháil ar fhaisnéis is gá chun a shuí ar tharla idirdhealú. Déanfar foráil ann freisin i leith sásraí iomchuí chun go gcomhoibreoidh comhlachtaí comhionannais le comhlachtaí poiblí ábhartha chun na críche sin.	
3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go bhfuil an déantóir ciona líomhnaithe agus aon tríú páirtí faoi cheangal dlíthiúil aon fhaisnéis agus aon doiciméad a iarrann comhlachtaí comhionannais a sholáthar.	
4.	
Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na comhlachtaí comhionannais a measúnú ar an gcás a thaifeadadh i scríbhinn, lena n-áirítear na fíorais agus conclúid réasúnaithe maidir le hidirdhealú a bheith ann. Cinnfidh na Ballstáit cé acu a dhéanfar é sin trí bhíthin tuairimí neamhcheangailteacha nó trí bhíthin cinntí ceangailteacha in-fhorfheidhmithe.	

I gcás inarb iomchuí, áireofar ar thuairimí agus ar chinntí bearta sonracha chun aon sárú a aimseofar a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun obair leantach a dhéanamh i leith tuairimí, amhail oibleagáidí aiseolais, agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

Foilseoidh comhlachtaí comhionannais achoimrí ar a dtuairimí agus ar a gcinntí, gan sonraí pearsanta a nochtadh.

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte ***in ábhair dlí shibhialta agus riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann*** le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE i gcomhréir ***le mír 2 go mír 5*** gan dochar do rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht ***gníomhaíochtaí***.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú ***os comhair institiúidí, comhlachtaí breithnithe lena n-áirítear binsí riaracháin, agus*** in imeachtaí cúirte ***i ndáil*** le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE i gcomhréir ***leis an Airteagal seo,*** gan dochar do rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht ***caingne***.

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áireofar ***leis an gceart*** gníomhú in imeachtaí cúirte:	2. Áireofar ***an méid seo a leanas go léir sa cheart chun*** gníomhú in imeachtaí cúirte***, ach níl sé teoranta don mhéid seo a leanas***:

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ceart an chomhlachta comhionannais chun gníomhú mar pháirtí in imeachtaí maidir le forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach ***cinnidh arna dhéanamh*** de bhun ***Airteagal 8(4***);	(a) ceart an chomhlachta comhionannais chun gníomhú mar pháirtí in imeachtaí maidir le forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach ***i dtaobh cinneadh a dhéantar*** de bhun ***Airteagal 8(2***);

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ceart an chomhlachta comhionannais barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte mar amicus curiae;	(b) ceart an chomhlachta comhionannais barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte***, na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí breithnithe, lena n-áirítear binsí riaracháin,*** mar amicus curiae***, mar thríú páirtí nó mar shaineolaí***;

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ceart an chomhlachta comhionannais chun imeachtaí a thionscnamh nó chun ***páirt a ghlacadh*** in imeachtaí thar ceann íospartaigh amháin nó níos mó nó chun tacú le híospartach amháin nó níos mó***;*** sa chás sin, beidh ***formheas*** na n-íospartach ***ag teastáil***.	(c) ceart an chomhlachta comhionannais chun imeachtaí a thionscnamh nó chun ***bheith rannpháirteach*** in imeachtaí ***faoina ainm féin, nó*** thar ceann íospartaigh amháin nó níos mó ***ná sin*** nó chun tacú le híospartach amháin nó níos mó ***ná sin, go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach nó córasach, lena n-áirítear ar líne.*** Sa chás sin, beidh ***toiliú feasach*** na n-íospartach ***riachtanach***.

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) an ceart dul ar iontaoibh i leith próisis mhalartacha réitithe díospóidí, lena n-áirítear socruithe cairdiúil, nuair is iomchuí;

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c b) an ceart atá ag an gcomhlacht comhionannais imeachtaí cúirte a thionscnamh faoina ainm féin, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach nó córasach, lena n-áirítear ar líne, i gcásanna a roghnaíonn an comhlacht comhionannais mar gheall ar a bhflúirse, a thromchúisí atá siad nó an gá atá le soiléiriú dlíthiúil, de réir critéir fhoilsithe arna suí ag an gcomhlacht comhionannais.

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais faireachán a dhéanamh ar fhorghníomhú cinntí institiúidí, comhlachtaí breithnithe agus na gcúirteanna a dhéileálann le comhionannas, le hidirdhealú agus le héadulaingt.

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a gcumas do chomhlachtaí comhionannais córas a chur i bhfeidhm chun nach mbeidh ar íospartaigh táillí cúirte ná riaracháin ná táillí ionadaíochta a íoc, go háirithe i gcásanna inarb ann d'idirdhealú struchtúrach nó córasach, lena n-áirítear ar líne, agus i gcás ina nglactar lena gcásanna i gcomhair dlíthíocht straitéiseach.

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais imeachtaí cúirte a thionscnamh díreach tar éis cumhachtaí imscrúdaithe a úsáid de bhun Airteagal 7a, gan gá le tuairim nó cinneadh a eisiúint sula dtionscnaítear na himeachtaí.

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leis an gcomhlacht comhionannais imeachtaí cúirte a thionscnamh ina ainm féin, go háirithe chun aghaidh a thabhairt	***scriosta***

ar idirdhealú struchtúrach agus sistéamach i gcásanna arna roghnú ag an gcomhlacht comhionannais de bharr a fhlúirsí atá siad, a thromchúisí atá siad nó an gá atá le soiléiriú dlíthiúil ina leith.

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit, ach amháin i gcásanna dá dtagraítear i mír 2(a) agus (b), nach dtíolacfaidh an comhlacht comhionannais in imeachtaí cúirte fianaise a fuair sé trí fheidhmiú cumhachtaí de bhun Airteagal 8(3).	***scriosta***

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit nach dtionscnófar aon ***imscrúduithe*** de bhun ***Airteagal 8***(2) go (4) nó nach leanfar leo fad a bheidh imeachtaí cúirte maidir leis an gcás céanna ar feitheamh.	5. ***Féadfaidh*** na Ballstáit ***a fhoráil*** nach dtionscnófar aon ***imscrúdú*** de bhun ***Airteagal 8***(2) go (4) nó nach leanfar leo fad a bheidh imeachtaí cúirte maidir leis an gcás céanna ar feitheamh.

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais a bheith rannpháirteach in imeachtaí cúirte trí úsáid a bhaint as an bhfianaise a bhailítear faoi Airteagal 7a(2) agus (3)

gan gá roimh ré le tuairim nó cinneadh ceangailteach a eisiúint.

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit, sna nósanna imeachta dá dtagraítear in ***Airteagail 6***, 7, 8 agus 9, go gcosnófar go cuí cearta cosanta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthóidh comhlachtaí comhionannais rúndacht ***na bhfinnéithe*** agus ***na*** sceithirí, agus a mhéid is féidir, rúndacht na ngearánach.	Áiritheoidh na Ballstáit, sna nósanna imeachta dá dtagraítear in ***Airteagail 6***, 7, ***7a, 7b,*** 8 agus 9, go gcosnófar go cuí cearta cosanta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthóidh comhlachtaí comhionannais rúndacht ***finnéithe*** agus sceithirí, agus a mhéid is féidir, rúndacht na ngearánach***, agus go gcuirfidh siad cosaintí inmheánacha i bhfeidhm do sceithirí***.

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh na cinntí dá dtagraítear in ***Airteagal 8(4***) faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.	Beidh na cinntí dá dtagraítear in ***Airteagal 7b(1*****), pointí (c) go (g)** faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na comhlachtaí comhionannais a gcuid seirbhísí ***ar fad*** saor in aisce do ghearánaigh ar fud a gcríche, lena n-áirítear	2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na comhlachtaí comhionannais a gcuid seirbhísí ***uile*** saor in aisce do ghearánaigh***,*** ar fud a gcríche, ***trí oifigí***

i gceantair thuaithe agus i limistéir iargúlta.	***áitiúla agus réigiúnacha a bhunú, i gcás inar gá,*** lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i limistéir iargúlta.

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit ***inrochtaineacht agus soláthróidh siad cóiríocht réasúnta do dhaoine*** faoi mhíchumas chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus ***gníomhaíochtaí*** uile na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú, lena n-áirítear cúnamh d'íospartaigh, láimhseáil gearán, sásraí le haghaidh réiteach cairdiúil, faisnéis agus foilseacháin, agus gníomhaíochtaí um chosc, um chur chun cinn agus um ***múscailte*** feasachta.	3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh an fhoireann cháilithe ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, foireann atá riachtanach chun comhoibriú le daoine*** faoi mhíchumas ***agus leo siúd atá bainteach le grúpaí eile atá i mbaol an idirdhealaithe,*** chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí***, gníomhaíochtaí*** agus ***faisnéis*** uile na gcomhlachtaí comhionannais ***i bhformáidí atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas*** a ráthú, lena n-áirítear cúnamh d'íospartaigh, láimhseáil gearán, sásraí le haghaidh réiteach cairdiúil, faisnéis agus foilseacháin, agus gníomhaíochtaí um chosc, um chur chun cinn agus um ***múscailt*** feasachta ***i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2102***.

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna***, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha,*** lena n-áirítear ***eagraíochtaí sochaí sibhialta,*** ar an leibhéal ***náisiúnta,*** réigiúnach***,*** áitiúil ***agus i mBallstáit*** eile	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile***, le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ábhartha, le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta*** laistigh den Bhallstát céanna lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach ***agus*** áitiúil***.***

agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú le comhlachtaí comhionannais eile ***ina réimsí inniúlachta faoi seach*** ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta***, agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet), le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta***.

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh siad go mbeidh sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh maidir leis na ***cúrsaí sin, iad a fhoilsiú*** agus aiseolas a ***iarraidh ar*** na húdaráis lena mbaineann.	***Beidh*** sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh maidir leis na ***hábhair sin*** agus aiseolas a ***éileamh ó*** na húdaráis lena mbaineann***, chomh maith le moltaí a dhéanamh chun an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cur chun cinn an chomhionannais a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta***. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na moltaí agus an t-aiseolas is gá faoi chuimsiú an nós imeachta comhairliúcháin ar fáil go poiblí.***

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh rochtain ag*** comhlachtaí comhionannais ar ***staidreamh*** a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir	3. Áiritheoidh na Ballstáit ***gur féidir le*** comhlachtaí comhionannais ***rochtain a bheith acu*** ar ***staidrimh agus go gcuirfear staidrimh ar fáil dóibh*** a bhaineann leis na

2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE arna mbailiú ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear údaráis phoiblí, ceardchumainn, cuideachtaí, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, i gcás ina measann siad gur gá ***staidreamh*** den sórt sin chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an staid maidir le hidirdhealú sa Bhallstát, agus chun an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (c) d'***Airteagal 15*** a dhréachtú.

cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE arna mbailiú ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear údaráis phoiblí, ceardchumainn, cuideachtaí, agus eagraíochtaí ***na*** sochaí sibhialta, i gcás ina measann siad gur gá ***staidrimh*** den sórt sin chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an staid maidir le hidirdhealú sa Bhallstát, agus chun an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (c) d'***Airteagal 15*** a dhréachtú. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na sonraí sin ar fáil i bhformáid inrochtana do chomhlachtaí comhionannais, ionas gur féidir leo iad a úsáid go héasca.***

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh ***na*** comhlachtaí comhionannais suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú.	5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais ***na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a sheoladh agus a bheith acu chun*** suirbhéanna***, tuarascálacha agus taighde*** neamhspleácha a dhéanamh maidir le ***gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, struchtúrach nó córasach, idirdhealú ar líne, chomh maith lena gcoimisiúnú go seachtrach, trí úsáid a bhaint as saintacaíocht arna soláthar ag na Ballstáit inniúla agus ag comhlachtaí an Aontais a dhéileálann le*** hidirdhealú ***amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha nó an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne***.

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tuarascáil a fhoilsiú, ina mbeidh moltaí, gach ***ceithre bliana*** ar a laghad, maidir le staid na córa comhionainne agus an idirdhealaithe, lena n-áirítear ***saincheisteanna struchtúracha*** a d'fhéadfadh a bheith ann, ina mBallstát féin.	(c) tuarascáil a fhoilsiú, ina mbeidh moltaí, gach ***2 bhliain*** ar a laghad, maidir le staid ***an chomhionannais inscne,*** na córa comhionainne agus an idirdhealaithe, lena n-áirítear ***idirdhealú struchtúrach nó córasach*** a d'fhéadfadh a bheith ann, ***chomh maith le saincheisteanna ar líne, agus aon ghníomhaíocht nó aon iarracht ar chúlú sna réimsí sin agus anailís ar an gcistiú*** ina mBallstát féin. ***Áireofar sa tuarascáil freisin obair leantach ar na moltaí a rinneadh roimhe seo agus ar an ngníomhaíocht atá déanta ina leith sin. Tíolacfar an tuarascáil sin sa pharlaimint náisiúnta faoi seach agus seolfar chuig Parlaimint na hEorpa í.***

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 15 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) dul i mbun idirphlé inbhuanaithe leis an rialtas agus le húdaráis eile a dhéanfaidh moltaí na gcomhlachtaí comhionannais maidir le reachtaíocht, beartais, nósanna imeachta, cláir agus cleachtais a chur san áireamh agus ghníomhú laistigh de thréimhse áirithe.

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh ***cur chun feidhme***, liosta ***táscairí*** coiteanna a bhunú chun éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo a thomhas.	1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh ***tarmligthe***, liosta ***de tháscairí*** coiteanna a bhunú ***ar an leibhéal Eorpach*** chun éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo

Agus na táscairí á n-ullmhú aige, ***féadfaidh*** an Coimisiún comhairle a lorg ***ó*** Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ***ón*** Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. Cumhdófar ***sna*** táscairí sin acmhainní, ***feidhmiú*** neamhspleách, gníomhaíochtaí, agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le ***forbairtí*** ina sainordú, ina gcumhachtaí nó ina struchtúr, lena n-áiritheofar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta.	a thomhas. Agus na táscairí á n-ullmhú aige, ***déanfaidh*** an Coimisiún comhairle a lorg ***ar*** Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ***ar an*** Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ***agus ar Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet)***. Cumhdófar ***leis na*** táscairí sin ***leordhóthanacht na n-acmhainní, lena n-áirítear*** acmhainní ***airgeadais agus daonna***, ***eochairghnéithe d'fheidhmiú*** neamhspleách, gníomhaíochtaí, agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le ***héabhlóidí*** ina sainordú, ina gcumhachtaí nó ina struchtúr, lena n-áiritheofar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin ***[5 bliana*** tar éis dháta an trasuí], agus gach ***5 bliana*** ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo don Choimisiún, lena n-áirítear sonraí maidir lena héifeachtaí praiticiúla ***arna mbailiú*** ar bhonn na dtáscairí dá dtagraítear i ***mír 1*** den Airteagal seo, agus na tuarascálacha arna ndréachtú ag na comhlachtaí comhionannais faoi ***Airteagal 14***, pointe (b) agus pointe (c) go háirithe á gcur san áireamh.	2. Faoin ***[2 bhliain*** tar éis dháta an trasuí], agus gach ***2 bhliain*** ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo don Choimisiún, lena n-áirítear sonraí maidir lena héifeachtaí praiticiúla ***a bhailítear*** ar bhonn na dtáscairí dá dtagraítear i ***mír 1*** den Airteagal seo, agus ***go háirithe*** na tuarascálacha arna ndréachtú ag na comhlachtaí comhionannais faoi ***Airteagal 14***, pointe (b) agus pointe (c) go háirithe á gcur san áireamh.

Leasú 95

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i ***mír 2*** agus ar shonraí ábhartha breise ***arna mbailiú*** ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó gheallsealbhóirí, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.	3. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i ***mír 2*** agus ar shonraí ábhartha breise ***a bhailítear*** ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó ***chomhlachtaí comhionannais, ó Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet), ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó*** gheallsealbhóirí, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. ***Féadfaidh measúnú sonrach a bheith sa tuarascáil chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú neamhspleách na gcomhlachtaí comhionannais. Féadfar gearáin maidir le haon chur isteach a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú breise ar na líomhaintí agus déanfaidh sé measúnú orthu ina Thuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta, mar chuid de na saincheisteanna institiúideacha a bhaineann le srianta agus ceartúcháin.***

Leasú 96

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Féadfaidh an Coimisiún moltaí leantacha a eisiúint i gcás ina dtugann sé dá aire, mar chuid dá fhaireachán ar ghníomhaíochtaí frith-idirdhealaithe sna Ballstáit, maidir le forbairtí i mBallstát.

Leasú 97

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh ***na*** comhlachtaí comhionannais sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin i gcás inar gá sin chun ***cúram*** a chur i gcrích faoin Treoir seo.	1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais sonraí pearsanta a bhailiú ***agus a phróiseáil*** ach amháin i gcás inar gá sin chun ***na cúraimí*** a chur i gcrích faoin Treoir seo ***agus i gcás ina bhfuil an bailiú agus an phróiseáil sonraí i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/679***.

Leasú 98

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanann comhlachtaí comhionannais ***catagóirí*** speisialta sonraí pearsanta ***a phróiseáil, mar atá*** sonraí maidir le bunadh cinioch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas nó ***claonadh gnéasach***, go ***soláthrófar*** bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a chosaint.	2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanann comhlachtaí comhionannais ***próiseáil ar chatagóirí*** speisialta sonraí pearsanta ***de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679, eadhon*** sonraí maidir le bunadh cinioch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas***, saol gnéis*** nó ***gnéaschlaonadh duine***, ***sláinte, sonraí bithmhéadracha nó géiniteacha,*** go ***ndéantar iad i gcomhréir iomlán le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679, agus go soláthraítear*** bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a chosaint ***i gcomhréir le hAirteagal 9(2)(g) de Rialachán (AE) 2016/679***.

Leasú 99

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit na dlíthe, na	Cuirfidh na Ballstáit na dlíthe, na

rialúcháin ***nó*** na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin ***[18 mí]*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

rialúcháin ***agus*** na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin ***[12 mí]*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá cosaint chomhionann, tacaíocht chomhionann agus rochtain chomhionann ar an gceartas tuillte ag íospartaigh uile an idirdhealaithe. Tá an ceart chun neamh-idirdhealaithe cumhdaithe sa Chairt agus sna Conarthaí agus ní mór é a urramú go hiomlán. Mar sin féin, tá an fhrithfhreagairt i gcoinne an chomhionannais inscne agus i gcoinne cearta bunúsacha eile le feiceáil go soiléir ar fud an domhain agus tá sí ag dul i méid go mear, agus ní eisceacht í an Eoraip. Is tábhachtaí anois ná riamh don Aontas tabhairt faoi chomhlíonadh a shainordaithe chun an t-idirdhealú a chomhrac go gníomhach agus go láidir. Ina leith sin, is céim mhór i dtreo Aontas atá saor ó idirdhealú é ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta a neartú.

Déantar idirdhealú nó ciapadh ar dhuine as gach cúigear san Aontas Eorpach ar fhorais éagsúla nó ar theaglaim d'fhorais. Ar an drochuair, tá creat frith-idirdhealaithe an Aontais ilroinnte, rud a chruthaíonn 'ordlathas' saorga d'fhorais chosanta agus a fhágann go bhfuil an chosaint a thugtar d'íospartaigh mhíchothrom. Tá géarghá leis an staid sin a réiteach. Is trua go háirithe, dá bhrí sin, in ainneoin iarrataí go mion minic ó Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil bac á chur ag an gComhairle fós ar an Treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe, rud a chuireann bac ar dhul chun cinn maidir le creat comhleanúnach frith-idirdhealaithe a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is deis iad na Treoracha atá ann faoi láthair na huaillmhianta a mhéadú agus cosaint láidir i gcoinne an idirdhealaithe agus tacaíocht d'íospartaigh i ngach Ballstát a áirithiú.

Tá ról bunúsach ag comhlachtaí comhionannais i gcur chun cinn an chomhionannais agus sa chomhrac i gcoinne an idirdhealaithe. Tá siad ríthábhachtach go háirithe ó thaobh tacaíocht agus cúnamh de a thabhairt d'íospartaigh, feasacht a mhúscailt, suirbhéanna neamhspleácha, tuarascálacha agus taighde a dhéanamh, sonraí a bhailiú, faireachán a dhéanamh ar threochtaí, moltaí a dhéanamh agus cur chun feidhme dhlí frith-idirdhealaithe an Aontais ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú. Toisc nach bhfuil caighdeáin cheangailteacha ann maidir lena sainordú táthar ag rannchuidiú le héagothroime na cosanta i gcoinne an idirdhealaithe i mBallstáit éagsúla. D'áiritheofaí le híoschaighdeáin cheangailteacha i gcomhair na gcomhlachtaí comhionannais go mbainfí barr a gcumais amach.

Leis na Treoracha nua, ní mór inniúlachtaí íosta na gcomhlachtaí comhionannais a neartú go mór. Ní mór neamhspleáchas agus uathriail iomlán a ráthú dóibh agus ní mór cosaint a áirithiú dóibh i gcoinne ciorruithe buiséid agus thionchar an stáit. Ina theannta sin, ní mór inniúlachtaí cinnteoireachta a dheonú do na comhlachtaí comhionannais, lena n-áirítear an ceart gearáin a fháil, cumhachtaí imscrúdaithe agus dlíthíochta, agus an chumhacht smachtbhannaí comhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur. Ba cheart go mbeadh comhlachtaí comhionannais ábalta cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí de a dhéanamh agus tuairimí neamhcheangailteacha a thabhairt, chomh maith le moltaí a dhéanamh agus faireachán leantach a dhéanamh.

Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais, ar a dtionscnamh féin, gach ábhar a thagann faoina sainordú a ghlacadh. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar idirdhealú

struchtúrach. Leis an easpa forálacha náisiúnta maidir le hidirdhealú struchtúrach, mar aon le cumhachtaí teoranta dlíthíochta, cuirtear bac ar chumas na gcomhlachtaí comhionannais gníomhú agus cuirtear bac ar fhorbairt cásdlí nua. Ós rud é gur minic a chuirtear daoine atá neamhchosanta ar idirdhealú i staid leochaileach agus nach féidir leo aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach ina n-aonar, is den tábhacht é go mbeadh sé de cheart ag na comhlachtaí comhionannais imscrúduithe a dhéanamh, fianaise a bhailiú agus imeachtaí cúirte a thionscnamh ar a dtionscnamh féin agus faoina n-ainm féin chun na noirm agus na próisis, a bhíonn dofheicthe uaireanta, laistigh d'institiúidí a chuireann leis na neamhionannais atá ann cheana a nochtadh agus aghaidh a thabhairt orthu.

Is den tábhacht é freisin faireachán a dhéanamh ar fhorbairt mhear na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Tá fianaise fhorleathan ann maidir leis na rioscaí a bhaineann le córais den sórt sin do dhaoine aonair atá i ngrúpaí leochaileacha, ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí arna spreagadh ag an olltiomsú sonraí agus ag an intleacht shaorga ag cur leis an neamhionannas, leis an idirdhealú, leis an eisiamh agus leis an mbochtaineacht. Ar an gcúis sin, is den ríthábhacht é go mbeidh foireann cháilithe ag comhlachtaí comhionannais chun léargas a thabhairt ar idirdhealú ar líne, lena n-áirítear idirdhealú algartamach, agus chun aghaidh a thabhairt air.

Ní mór go gcuirfí ar a gcumas do na gcomhlachtaí comhionannais, leis an Treoir, aghaidh a thabhairt ar idirdhealú trasnach. Ba cheart do na comhlachtaí comhionannais peirspictíocht thrasnach a chur i bhfeidhm ina gcuid cúraimí go léir. Is den ríthábhacht é aghaidh a thabhairt ar idirdhealú ó pheirspictíocht thrasnach chun greim ceart a fháil ar na cineálacha sainiúla ar leith idirdhealaithe a bhíonn os comhair íospartach ar bhonn dhá fhoras nó níos mó ná sin. I ndáil leis sin, agus i gcomhréir le cásdlí CBAE, ba cheart raon feidhme na Treorach a bheith chomh leathan agus is féidir. Ba cheart do na Ballstáit comhlachtaí comhionannais a chur chun cinn agus a chistiú chun gach foras idirdhealaithe a chumhdach, i gcomhréir le clásal neamhiata Airteagal 21 den Chairt. Ní féidir comhionannas inscne a bhaint amach mura dtuigtear agus mura ndíothaítear gach cineál idirdhealaithe, idir bheartaithe agus neamhbheartaithe, ina bhfoirmeacha indibhidiúla, struchtúracha, institiúideacha agus stairiúla.

Déanann comhlachtaí comhionannais a gcuid oibre i dtimpeallacht atá ag éirí níos dúshlánaí, agus tá an chóir idirdhealaitheach, beartais idirdhealaitheacha agus gníomhaíochtaí idirdhealaitheacha á normalú ar shlí dho-ghlactha inár sochaithe. In ainneoin a gcomhthéacs dheacair, tá siad tar éis na féidearthachtaí ollmhóra a ghabhann leo a chruthú cheana féin. Ní mór dúinn anois na huirlisí is gá a chur ar fáil dóibh chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac go láidir. Ní tráth faillí é.